



Tuarascáil Bhliantúil 2025

Taighde. Fianaise. Gníomhú.

Arna foilsiú ag:

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte, 2026
ISSN: 0791-220X

**Is féidir cóipeanna den tuarascáil
seo a fháil ó:**

An Bord Taighde Sláinte
Teach Grattan
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

t 353 1 234 5000
f 353 1 661 2335
r hrb@hrb.ie
sg www.hrb.ie

Clár

Torthaí agus tionchar in 2025	Leathanach 1
Tuarascáil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh	Leathanach 3
Léargas ar ghníomhaíochtaí BTS i rith 2025	Leathanach 5
Príomhspríocanna inghnóthaithe i gcomhréir le straitéis chorparáideach BTS 2021-2025	Leathanach 7
Aguisín A – Foilseacháin BTS in 2025	Leathanach 60
Aguisín B – Dámhachtainí BTS arna dtabhairt in 2025 do Phríomhimschrúdaitheoirí	Leathanach 63
Aguisín C – Dámhachtainí cómhaoinithe BTS in 2025	Leathanach 86

Torthaí agus tionchar in 2025



€50.7m

san infheistíocht iomlán lena n-áirítear cómhaoiniú ar fiú €19.8m é



€20.7m

infheistithe in 10 gComhdhámhachtaí Eorpacha (lena n-áirítear €14.6m i gcómhaoiniú ó chomhpháirtithe gníomhaireachta maoinithe Eorpacha)



€10.4m

infheistithe in 36 tionscadal agus clár



€5.4m

infheistithe in 7 dtrial chliniciúla



912,618

taifead beo ar chóras sonraí ar líne LINK



3,477

úsáideoir gníomhach ar LINK



34

dámhachtain le cómhaoiniú/
comhinfeistíocht



179

dámhachtain bronnata ar fud
22 comhlacht ar institiúidí óstacha
agus eagraíochtaí ina bhfuil
taighde ar siúl iad



92

comhalta den choiste
a dtacaítear leo ar fud
5 Choiste Náisiúnta um Eitic
Thaighde (CNETanna) ag cur
490 tuairim eitice ar fáil



106

líon díospóireachtaí
Oireachtais a luaigh BTS



8 dTuarascáil
BTS



11 alt irise
phiarmheasúnaithe



18

dtáirge fianaise seachadta
don Bhord Sláinte, ina
raibh 5 athbhreithniú ar
fhianaise, 11 threoir fianaise,
1 chuardach agus scagadh ar
litríocht phiarmheasúnaithe
agus 1 aibhsiú fianaise

Tuarascáil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

2025 ab ea bliain dheiridh Straitéis 2021-2025, *Taighde sláinte – tionchar a imirt*, agus léiríodh léi toradh cúig bliana de sheachadadh fócasaithe.

Le linn na tréimhse sin, tá an Bord Taighde Sláinte méadaithe ó thaobh scála agus uaillmhéine de, ag infheistiú níos mó ná €250 milliún i dtionscadail taighde sláinte agus in infreastruchtúr trialacha cliniúla, ag baint leasa as €264 milliún breise, agus ag tacú le níos mó ná 600 post taighde oilte.

Mar thoradh air sin, tá taighde á chomhtháthú i bpolasaithe agus straitéisí náisiúnta i réimsí amhail meabhairshláinte, ailse, cúram maolaitheach, an ghéanómaíocht, galair neamhchoitianta agus drugaí. Tá tionchar á imirt aige freisin ar reachtaíocht thábhachtach sláinte poiblí i réimsí alcóil, cearrbhachais, agus toitíní leictreonacha.

Taighde den chéad scoth a chur chun cinn

Chothaíomar an tionchar sin in 2025, ag infheistiú €50.7 milliún i dtaighde sláinte, lena n-áirítear cómhaoiniú €19.8 milliún. Bhronnamar 179 dámhachtain ar 22 comhlacht, arbh institiúidí óstacha agus eagraíochtaí ina bhfuil taighde ar siúl iad.

Infheistíodh €20.7 milliún in 10 gComhdámhachtain Eorpacha, lena n-áirítear €14.6 milliún i gcómhaoiniú ó chomhpháirtithe maoinithe Eorpacha, ina bhfuil €10.4 milliún infheistithe in 36 tionscadal agus clár.

Infheistíocht straitéiseach

Dírítear ár n-infheistíochtaí ar thionchar ceart d'othair, don phobal agus don tsochaí a bheith ina thoradh ar thaighde agus sonraí – agus daoine á gcoinneáil i gcroílár gach a ndéanaimid.

Áiríodh le tosaíochtaí 2025 tacú le trialacha cliniúla agus infreastruchtúr; rannpháirtíocht an phobail agus na n-othar (PPI) i dtaighde a threisiú; acmhainn sintéise fianaise na hÉireann a neartú; infheistíocht a dhéanamh i dtaighde meabhairshláinte; agus an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí sláinte a fhorbairt.

Tacú le caighdeáin eitice agus rialála

Lean BTS de phríomhpháirt a bheith aige i rialachas, eitic agus ardchaighdeán an taighde trí obair na hOifige Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde agus Rúnaíocht an Choiste um Dhearbhu Tola Taighde Sláinte (HRCDC). In 2025, thacaigh an Oifig Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde le 92 ball de Choistí Náisiúnta um Eitic Thaighde (NREC) chun athbhreithniú a dhéanamh ar 490 iarratas eitice san iomlán.

Threisigh an Oifig Náisiúnta teagmháil na hÉireann le hEoraip. Neartaigh sí freisin áit na hÉireann mar chomhpháirtí comhoibríoch taighde, rannpháirtíocht i dtionscadal pólótach chun dlús a chur le measúnú agus ceadú comhordaithe a dhéanamh ar thrialacha cliniúla, mar shampla.



Gráinne Gorman

Gráinne Gorman

Príomhfheidhmeannach



Tracy Cunningham

Dr Tracy Cunningham

Cathaoirleach

Comhoibriú idirnáisiúnta

Éilítear comhoibriú idirnáisiúnta chun dul i ngleic le dúshlán dhomhanda sláinte. In 2025, neartaigh BTS a rannpháirtíocht i gcomhpháirtíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta. Áiríodh leis sin tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí Éireannacha le rochtain a fháil ar mhaoiniú iomaíoch trí Fís Eorpach agus EU4Health. D'oibríomar leis an lucht ceaptha beartas chun tosaíochtaí sláinte domhanda agus Eorpacha comhroinnte a chur chun cinn, lena n-áirítear comhlíonadh an Rialacháin um Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS) agus rannpháirtíocht leis an gComhlacht Rochtana Sonraí Sláinte (HDAB).

Fianaise le haghaidh polasaí agus cleachtais

In 2025, sheachaid ár nIonad Fianaise 18 dtáirge fianaise don Bhord Sláinte chun tacú le beartas cúraim sláinte agus shóisialta.

Chabhraigh an t-athbhreithniú ar léarscáileanna fianaise agus bearnaí, a d'aithin bearnaí suntasacha i dtaighde sláinte na mban go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, eolas a thabhairt d'fhógra an Aire Sláinte faoi €2 mhilliún do dhámhachtain thiomnaithe ó BTS le haghaidh taighde shláinte na mban.

Gníomh a dhéanamh de shonraí

Leanann ár gCórais Náisiúnta um Shonraí Sláinte de shonraí agus léargais láidre a chur ar fáil chun eolas a thabhairt do bheartais agus seirbhísí náisiúnta i réimsí drugaí agus alcóil, éagumais, meabhairshláinte agus básanna daoine atá gan dídean. D'fhoilsíomar ocht dtuarascáil BTS in 2025 agus chuamar i ngleic le tabhairt isteach

réigiúin sláinte Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte a bhaineann le Sláintecare, agus sonraí tráthúla a bhaineann go sonrach le réigiún á gcur ar fáil againn chun eolas a thabhairt do thosaíochtaí maidir le planáil seirbhísí, polasaí agus maoiniú.

Barr feabhais eagraíochtúil

Chun ár spriocanna a bhaint amach, braithimid go mór ar ár bhfoireann Oibríochtaí Corparáideacha, a leanann de bhonn láidir de shaineolas agus treoir a chur ar fáil ar fud acmhainní daonna, rialachais, cumarsáide, teicneolaíochta faisnéise agus airgeadais.

Ag feabhsú le chéile

Baineadh ár n-éachtaí amach in 2025 de bharr dhúthracht, saineolas agus tiomantas ár bhfoirne, mar aon le ceannaireacht ár mBoird agus ár gcoistí a bhfuil meas mór againn orthu, agus i gcomhar lenár bpobal taighde. Gabhaimid buíochas ó chroí le gach duine a chuir le rathúlacht ár n-eagraíochta i mbliana.

Ag féachaint ar aghaidh ar 2026, táimid ag súil go mór le straitéis nua a sholáthar agus le comhpháirtíochtaí láidre agus uailmhian chomhroinnte a fhorbairt chun clár oibre taighde sláinte na hÉireann a chur chun cinn.

Léargas ar ghníomhaíochtaí BTS in 2025

Ghnóthaíonn Mic léinn Thrá Lí duais speisialta BTS ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta 2025



Ghnóthaigh Ciara, Saoire agus Laoise Murphy, deirfiúracha ó Mheánscoil na Toirbhirte i dTrá Lí, Duais Speisialta BTS agus duais fhoriomlán an chomórtais mar gheall ar a n-aip um chuidiú míochaine ACT (Aid Care Treat), atá deartha chun tacú le freagraí éigeandála cúraim sláinte. “Is é an fhís atá ann cabhair, cúram agus cóireáil leighis a thabhairt d’othar i gcás éigeandála leighis agus ag an am céanna sonraí criticiúla, eolas pearsanta agus leighis, chomh maith le heolas geoshuímh, a chur ar fáil go díreach do sheirbhísí éigeandála,” arsa Ciara.

Aird a dhíriú ar threochtaí maidir le héileamh ar chóireáil drugaí

Léiríonn figiúirí BTS go dtugadh cóireáil leighis do 13,295 cás d’úsáid fhadhbach drugaí in Éirinn in 2024, arb é an líon bliantúil is airde go dtí anois é. Léiríonn sonraí ó fheasachán BTS *Drug treatment demand in Ireland 2024* gurb é cócaon an príomhdhruga fadhbach go fóill, arb ionann é agus beagnach leath de chásanna atá nua do chóireáil.

Fianaise le haghaidh polasaí a chur in iúl

Chuir BTS cur chuige téamach ar chumarsáid i bhfeidhm a bhí dírithe ar Fhianaise le haghaidh Polasaí le linn 2025. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí seimíneáir ghréasáin, sraith podchraolta nua, blaganna agus comhdháil náisiúnta.

Bearnaí a aimsiú i dtaighde shláinte na mban

I dtuarascáil BTS, aimsíodh bearnaí suntasacha i dtaighde domhanda agus náisiúnta ar choinníollacha a bhfuil tionchar acu ar mhná, lena n-áirítear breith anabái agus meabhairshláinte i ndiaidh breith clainne. Dúirt an príomhúdar, an Dr Jane Murphy, an méid seo: “Léiríonn na torthaí seo an gá follasach atá ann an bonn fianaise a neartú maidir le coinníollacha a bhfuil tionchar mór acu ar shaoil na mban ach nach bhfuil an dóthain taighde déanta orthu go fóill.”

Tuairiscíonn BTS na figiúirí is airde maidir le cóireáil leighis alcóil le níos mó ná deich mbliana anuas



Léiríonn príomhthorthaí ón tuarascáil BTS 2024 *Alcohol Treatment Demand* gur tugadh cóireáil do 8,745 cás d’úsáid fhadhbach alcóil in 2024, an uimhir is airde le níos mó ná deich mbliana anuas. Sa tuarascáil sin fuarthas gurb é cócaon an druga breise is coitianta a úsáideadh i dteannta le halcól agus gur fhás an líon daoine a bhfuil cócaon á úsáid acu faoi thrí ó 2017.

€50,000 bronnta le haghaidh tionchar sa tsláinte

Bronnadh Dámhachtain Tionchair BTS 2025 ar an Ollamh Andrew Murphy le hOllscoil na Gaillimhe in aitheantas don obair shaoil atá déanta aige i dtaighde príomhchúraim agus i mbainistiú galar ainsealach. Mar gheall ar a chuid oibre le linn 25 bliain anuas, neartaíodh cúram ar bhonn fianaise, tugadh eolas do cheapadh beartas agus feabhsaíodh torthaí othar.

€3 mhilliún bronnta ag BTS le haghaidh taighde ar mheabhairshláinte



Leis an infheistiú, arna fhógairt ag an Aire Meabhairshláinte Mary Butler, tacófar le Líonra Taighde Chomhoibríoch i Meabhairshláinte uile-oileáin nua a bhunú, CO-PRIME (Taighde agus Nuálaíocht i Meabhairshláinte a Chomhchruthú agus a Chur Chun Cinn). Tacaíonn an maoiniú sin le 10 dtionscadal taighde nua ar mheabhairshláinte freisin ina leagtar béim ar ghrúpaí ardtosaíochta nó ar ghrúpaí nach ndéantar freastal ceart orthu.

Comhdháil Náisiúnta BTS

Chomh maith leis an lucht ceaptha beartas, cleachtóirí agus taighdeoirí a thabhairt le chéile, agus óráid speisialta á tabhairt ag Aire Sláinte Jennifer Carroll MacNeill, i gComhdháil Náisiúnta BTS rinneadh iniúchadh ar an téama de bheartas maidir le cúram sláinte agus sóisialta atá bunaithe ar an bhfianaise a chur chun cinn in Éirinn. Leag na cainteoirí béim ar an tábhacht a bhaineann le cinnteoireacht atá bunaithe ar an bhfianaise a neartú agus ar an ngá atá le héiceachóras láidir fianaise.



Seirbhísí míchumais in Éirinn

Léiríonn sonraí ó fheasachán ár gCóras Náisiúnta Tacaíochtaí Cumais (NASS), *An overview of people engaging with disability services 2024*, gá leanúnach le seirbhísí cónaithe agus leagann siad béim ar phróifíl de chúramóirí atá ag dul in aois. Aithníodh go raibh gá ag níos mó ná 2,000 duine fásta atá faoi mhíchumas le suíomh cónaithe. Thuairiscigh níos mó ná 16,000 duine fásta atá faoi mhíchumas go raibh príomhchúramóir acu; maidir leis na cúramóirí sin, bhí 4 as 10 60 bliain d'aois nó os a chionn, beagnach aon trian díobh idir 70-79 bliain d'aois, agus bhí aon deichiú díobh 80 bliain d'aois nó os a chionn.

Déanann BTS an Fóram Náisiúnta Drugaí a óstáil

Ag an bhFóram Náisiúnta Drugaí, rinneadh iniúchadh ar an tslí a dtacaíonn caighdeáin cháilíochta, modhanna cinnteachta agus uirlisí measúnaithe feabhsú leanúnach i seirbhísí druga. Rinne an tAire do Shláinte Poiblí, Folláine agus don Straitéis Náisiúnta Drugaí, Jennifer Murnane O'Connor, an ócáid a oscailt.



Tacaíonn dámhachtainí Fulbright le taighde agus le nuálaíocht

Bhronn BTS, i gcomhar leis an gCoimisiún Fulbright, trí Dhámhachtain HealthImpact Fulbright-BTS ar an Dr Lisa Kiely (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), ar an Ollamh Ronan Cahill (Coláiste na hOllscoile, Bhaile Átha Cliath) agus ar an Dr Susanne O'Reilly (Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann). Tacaíonn na dámhachtainí sin le gairmithe Éireannacha dul i mbun taighde nó forbairt ghairmiúil i SAM.

Rathúlacht Fís Eorpach

D'éirigh go maith le hÉirinn faoi Fís Eorpach, clár suaitheanta an Aontais Eorpaigh le haghaidh taighde agus nuálaíochta, agus an maoiniú de níos mó ná €1 billiún faighte aici ó seoladh an clár in 2021. Tá tarraingt anuas de nach mór €100 milliún bronnta ar thionscadail atá bainteach le sláinte. De bharr go ndéanann BTS Pointe Teagmhála Fís Eorpach agus Toscaire Náisiúnta um Shláinte a óstáil, tá ról lárnach ag BTS chun cabhrú le taighdeoirí cúraim sláinte agus shóisialta rochtain a fháil ar an maoiniú sin.



Infheistíodh €6 mhilliún chun úsáid na fianaise i gcinnteoireacht cúraim sláinte a neartú mar gheall ar ár nGradam um Acmhainn i Sintéis Fianaise a Fhorbairt. Áiríodh leis sin infheistíocht de €1.5 milliún ó Taighde agus Forbairt um Chúram Sláinte agus Sóisialta (T&F HSC), Tuaisceart Éireann.

I dtuarascáil de chuid BTS léiríodh go raibh 128 bás de dhaoine a bhí gan dídean ag am a mbás in Éirinn in 2021. Bhí stair d'úsáid fhadhbach substaintí ag 86% de dhaoine a d'éag agus bhí fadhb meabhairshláinte ag 34% díobh.

Bronnadh €1 mhilliún le haghaidh taighde chun eolas a thabhairt do thrí phríomhréimse polasaí de chosc ar stróc tánaisteach, pleanáil fórsa oibre leighis agus seirbhísí tacaíochta baile trínár gClár um Fhianaise le haghaidh Polasaí i gcomhar leis an Roinn Sláinte.

Seoladh glaoch ar thionscadail taighde ar luach €2 mhilliún é a bhí dírithe ar shláinte na mban a fheabhsú. Rinne an tAire Sláinte, Jennifer Carroll MacNeill, an maoiniú a fhógairt agus tá sé mar fhreagra ar bhearna móra a saináithníodh i dtaighde ar shláinte na mban.

Foilsíodh athbhreithniú ar an bhfianaise ina ndéanadh iniúchadh ar thionchar idirghabhálacha chun úsáid de leapacha gréine a laghdú. Dhírigh an t-athbhreithniú ar an ngá atá ann le hidirghabhálacha measctha d'oideachas agus rialacháin chun úsáid a laghdú go héifeachtach.

Thug staidéar a bhí faoi stiúir BTS ina n-úsáideadh sonraí ón gCóras Tuairiscithe Náisiúnta ar Othair Shíciatracha Chónaitheacha léargas ar iontrálacha d'othair chónaitheacha de bharr síocóise, rud lena dtacaíodh le cur chuige d'idirghabháil luath a fhorbairt.

Seoladh *An Podchraoladh Taighde Sláinte*, lena ndéanadh iniúchadh ar réimse topaicí faoin gcaoi ar féidir le fianaise tionchar a imirt ar chinntí sa fíorshaol.

Cheiliúir An Oifig Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde, aonad laistigh de BTS, cúig bliana ó bunaíodh í, éacht ar cloch mhíle shuntasach é. Bunaíodh í in 2020 mar chomhpháirt thábhachtach de leasú chreat na gcoistí eitice taighde in Éirinn.

Bhí BTS páirteach i staidéar náisiúnta ar iontrálacha de bharr neamhord itheacháin i ndaoine óga, rud a léirigh ardú 121% in iontrálacha ospidéil i measc daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois le linn thréimhse 2018-2022.

Cuireadh maoiniú €2 mhilliún ar fáil do thaighde comhoibríoch trí Scéim Líonraí Taighde Chomhoibríoch BTS chun taighde ar chúram maolaitheach agus ar néaltrú a neartú. Chuir T&F HSC, Tuaisceart Éireann €250,000 leis.



Príomhspríocanna inghnóthaithe i gcomhréir le straitéis chorparáideach 2021–2025


Is é BTS an phríomhghníomhaireacht maoinithe phoiblí in Éirinn a thacaíonn le taighde nuálach sláinte agus le cúraim shóisialta.

Mar a leagtar amach i *Straitéis 2021–2025 BTS: Taighde Sláinte – tionchar a imirt*, is í an fhís atá againn ná sláinte níos fearr a sholáthar trí leas a bhaint as taighde, as sonraí agus as fianaise den scoth. Is é ár misean ná tacú le taighde a chuireann feabhas ar shláinte daoine, a chuireann cúram bunaithe ar fhianaise chun cinn agus a chruthaíonn réitigh ar dhúshlán na sochaí.

Tugann gnéithe lárnacha de straitéis BTS freisin fianaise ar ár dtiomantas do dhaoine a chur i gcroílár gach rud a dhéanaimid, rud atá faoi stiúir ár luachanna mar eagraíocht: ceannaireacht, neamhspleáchas, cuntasacht, cáilíocht, freagrúlacht, comhar agus ionchuimsitheacht.

D’fhonn é seo a bhaint amach, déantar cur síos inár straitéis ar shé chuspóir straitéiseacha a threoraíonn ár ngníomhaíochtaí. Sa tuarascáil bhliantúil seo leagtar béim ar na príomhéachtaí a baineadh amach in 2025 i gcomhréir leis na cuspóirí sin, agus taispeántar roinnt samplaí de na torthaí agus na héachtaí rathúla sin.

Gnéithe lárnacha de straitéis 2021–2025 BTS



Cuspóir Straitéiseach 1

Taighde a dhéanann difríocht

Cumasaíonn taighde dul chun cinn maidir le sláinte agus cúram sóisialta a dhéanann fíor-dhifríocht do shaol daoine. Tá BTS tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh i dtaighde a chuireann luach ar fáil don tsláinte, don chóras sláinte, don tsochaí agus don gheilleagar.

Déanaimid é sin trí phunann mhaoinithe straitéiseach chothromaithe a fhreagraíonn do riachtanais an tsaoil mar atá; comhoibriú le comhpháirtithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus nuálaíocht a spreagadh sa chóras sláinte; agus tacú le rannpháirtíocht fhiúntach othar, cúramóirí agus an phobail sa taighde. Cinntíonn sé sin go gcuirtear taighde atá maoinithe ag BTS i bhfeidhm go praiticiúil agus go gcuireann sé le torthaí níos fearr d'Éirinn agus do mhuintir na hÉireann.

Míreanna tábhachtacha a baineadh amach:

- Osclaíodh glaoch nua ar dheontais le haghaidh Tionscadail faoi stiúir Imscrúdaitheora chun tacú le tionscadail nuálacha atá iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta i réimsí de thaighde othair-láraithe, taighde sláinte daonra agus taighde seirbhísí sláinte. Fuair an glaoch líon an-ard iarratas (146), méadú 34% i gcomparáid leis an mbabhta deireanach.
- Leanadh de bheith ag comhoibriú le Carthanais Taighde Sláinte Éireann (HCRI) trí glaoch nua a oscailt ar dheontais Scéim Cómhaoinithe HCRI-BTS. Ghlac naoi mballcharthanas HCRI páirt sa bhabhta seo.
- Cuireadh guth an phobail san áireamh i gcinntí maoinithe BTS trí níos mó ná 500 athbhreithniú poiblí a fháil i measc 8 dtionscnamh maoinithe, agus trí líon cothrom de bhall PPI agus ball painéil eolaíoch a bheith ar cheann amháin dár bpainéil roghnaithe deontais. Chuir BTS cúig cheardlann oiliúna ar fáil d'athbhreithneoirí poiblí freisin.



- Bronnadh deontas €10 milliún don chéim 5 bliana atá amach romhainn den PPI Ignite Network: Tagann €7.3 milliún ó BTS, agus €2.7 milliún i gcómhaoiniú tagtha ó shuíomhanna ceannais. In 2026 méadófar PPI Ignite Network ó 7 go 11 suíomh ceannais.
- Leanadh ár n-obair mar bhall den Chomhghuaillíocht um Measúnú Taighde a Chur Chun Cinn (CoARA) trí páirt a ghlacadh i nGrúpa Oibre um Chleachtas a Fheabhsú maidir le Measúnú ar Thogra Taighde agus i CoARA, Craobh Náisiúnta na hÉireann. Thugamar gníomhaíochtaí le chéile i measúnú freagrach ar thaighde freisin, de bharr gur fhoilsíomar an chéad Plean Gníomhaíochta CoARA BTS. Rinneamar monatóireacht córasach ar an bplean agus thuairiscíomar dul chun cinn an phlean.
- Fuarthas ceadú ón Roinn Sláinte (RS) córas bainistithe deontas nua a fháil agus reáchtáladh an próiseas tairisceana a bhí bainteach leis. Leis an gcóras tabharfar isteach éifeachtaí agus feidhmiúlachtaí nua isteach d'úsáideoirí inmheánacha agus seachtracha agus táthar ag súil go beidh sé i bhfeidhm ag deireadh 2026.
- Rinneadh infheistíocht i sé Dhámhachtain Comhpháirtíochta Feidhmí, rud lena dtacaíodh le tionscadail taighde a rinneamar a chómhaoiniú le heagraíochtaí amhail an Clinic Lárnach Íocshláinte, Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus an FSS.
- Seoladh glaoch iomaíocht ar líonra náisiúnta nua maidir le meabhairshláinte i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta um thaighde meabhairshláinte, *An Fhís a Roinnt: Polasaí Meabhairshláinte do Chách*, a foilsíodh in 2024, agus bronnadh €1 mhilliún ar na hiarratasóirí rathúla. Is éard ata i gceist le CO-PRIME ná líonra uile-oileáin nua a thacóidh le taighde a comhordú, acmhainn taighde a fhorbairt, taithí saoil a leabú laistigh de thionscadail taighde agus a chinntiú go ndéantar tionchar san fhíorshaol de thorthaí taighde.
- Bronnadh €2 mhilliún ar 10 dtionscadal nua mar gheall ar na Gradaim Comhpháirtíochta Feidhmí chun scála agus scóip taighde meabhairshláinte a mhéadú a thuilleadh. Tá réimse tionscadal san áireamh, ó idirghabhálacha tráthúla a chur i bhfeidhm i meabhairshláinte daoine óga agus torthaí maidir le leanaí i gcúram a fheabhsú, go tacú le meabhairshláinte agus folláine i measc daoine a bhfuil scléaróis iolrach orthu agus daoine níos sine a bhfuil víreas easpa imdhíonachta daonna (VEID) orthu.
- Tugadh maoiniú do thrí thionscadal nua maidir le cosc ar stróc tánaisteach, pleanáil fórsa oibre leighis agus seirbhísí tacaíochta baile tríd an dara babhta de Chlár BTS um Fhianaise le haghaidh Polasaí (EfP). Tá sé mar aidhm ag an gClár ceisteanna taighde ardtosaíochta ón lucht ceaptha beartais a fhreagairt go díreach, agus fianaise ardchaighdeán á cruthú ar bhealach atá críochnúil agus trédhearcach.

- I gcomhar le Tascfhórsa Shláinte na mBan sa Roinn Sláinte, ceapadh agus fógraíodh babhta nua Gradam Comhpháirtíochta Feidhmí, rud lenar chuir níos mó ná €2 mhilliún ar fáil chun tionscadail taighde atá dírithe ar shláinte na mban a mhaoiniú.
- Rinneadh anailís ar aschuir, torthaí agus tionchar infheistíochtaí BTS agus thuairiscigh fúthu bunaithe ar an chéad 2 bhabhta aighneachtaí do Researchfish, ag tarraingt ar shonraí ó níos mó ná 470 deontas agus ag léiriú ionchuir ó níos mó ná 300 príomhthaighdeoirí.
- Tugadh maoiniú do chúig dheontas don Chlár Trialacha Cliniciúla faoi stiúir Imscrúdaitheora, a bhfuil sé mar aidhm aige fianaise ardchaighdeán a sholáthar ar éifeacht, éifeachtacht, costas agus tionchar leathan drugaí, feistis, teicneolaíochtaí, cláir nó seirbhísí.
- Glacadh páirt san fhoghrúpa taighde faoi chathaoirleacht an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse chun taighde ar ailse a chur chun cinn chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta Ailse. Ag tógáil ar ár mbeart roimhe seo ag déanamh anailíse ar chaiteachas náisiúnta ar thaighde ailse ag maoinitheoirí taighde in Éirinn ó 2019 go 2022, rinneamar athbhreithniú ar infheistíochtaí taighde ailse ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh (AE) in Éirinn ó 2019 go 2022 trí Chóras Aicmithe Taighde Sláinte (HRCS) na Ríochta Aontaithe (RA). Roinnfear an anailís sin in 2026.



Cás-Staidéar 1

PPI a neartú i dtaighde sláinte

Tá PPI Ignite Network á méadú ag BTS chun acmhainn náisiúnta de PPI ardchaighdeán a fhorbairt trí cheangaltas maoinithe athnuaite.

Tá BTS i gceannas ar infheistíocht €10 milliún in PPI Ignite Network, rud lena méadaítear acmhainn agus scileanna maidir le PPI ardchaighdeán fúntach i dtaighde ar chúram sláinte agus sóisialta in Éirinn.

Ag tógáil ar infheistíocht roimhe seo, méadóidh an clár maoinithe cúig bliana seo teagmháil an Líonra, agus déanfaidh sé PPI a leabú a thuilleadh i gcóras taighde sláinte na hÉireann.

Cabhróidh sé sin lena chinntiú go gcloisfear guthanna daoine a bhfuil taithí saoil acu, rud lena ndéanfar taighde níos ionchuimsithí, níos ábhartha agus, sa deireadh, níos láidre ó thaobh tionchair de.

Is gné riachtanach de thaighde ardchaighdeán cúraim sláinte agus shóisialta é PPI. Leis sin, áirithítear go bhfuil othair agus baill an phobail páirteach i dtaighde a mhúnlú, ó phleanáil go soláthar agus cur i bhfeidhm.

Nuair atá comhpháirtíocht ghníomhach ann idir an pobal, othair agus taighdeoirí, cinntítear go léiríonn taighde riachtanais agus taithí na ndaoine a bhfuil sé beartaithe leas a bhaint astu, agus cuirtear bonn fianaise láidir chun eolas a thabhairt do chinnteoireacht a bhaineann le polasaí agus cúram sláinte.

Comhoibriú uile-oileáin

Is éard atá i gceist le PPI Ignite Network ná comhfhiontar uile-oileáin ina bhfuil ollscoileanna, eagraíochtaí sochaí sibhialta, taighdeoirí agus ball den phobal ag obair le chéile chun taighde sláinte a fheabhsú trí PPI a thabhairt isteach.

Tacaíonn an Líonra le barr feabhais agus nuálaíocht in PPI agus cuireann sé chun cinn é, rud lena leabaítear taithí saoil i gceapadh, soláthar agus scaipeadh taighde.

Cabhraíonn sé le hinstitiúidí an timpeallacht, oiliúint, tacaíocht agus na próisis chearta a chruthú chun taighdeoirí a chumasú le hothair agus an pobal a thabhairt isteach ina dtaighde ón tús.

Leis an infheistíocht nua, arna ceadú ag Bord BTS i mí na Samhna, tógtar ar infheistíocht roimhe sin trí chlár tosaigh PPI Ignite (2017-2021) agus trí Chlár I de PPI Ignite Network (2021-2026).

Chruthaigh an clár tosaigh lorg áitiúil i gcúig ollscoil, a bhí réidh le forbairt ina líonra.

Le Céim I díriodh ar acmhainn a neartú i seacht n-oifig institiúideacha de chuid PPI Ignite, rud a thacaigh le taighdeoirí agus rannpháirtithe poiblí trí oiliúint agus treoir, agus rud a chruthaigh córais de rialachas agus comhordú comhroinnte ar leibhéal líonra.



PPI IGNITE
NETWORK



Dhírigh an obair seo ar PPI fiúntach a normalú laistigh de chultúr taighde, rud a fheabhsaíonn seasmhacht agus cáilíocht de chleachtas PPI ar fud institiúidí, agus a chumasaíonn comhoibriú agus foghlaim ar fud an Líonra. Chomh maith leis sin, chruthaigh an obair sin bonn faoi leathnú agus uaillmhian mhéadaithe i gCéim II.

Ag tógáil ar infheistíocht roimhe seo

Leis an maoiniú nua cúig bliana (Céim II) leabófar PPI a thuilleadh ar fud chóras taighde sláinte na hÉireann trí bhuíon taighdeoirí agus cineálacha taighde a cuireann PPI san áireamh a leathnú.

Méadófar PPI Ignite Network ó 7 go 11 shuíomh ceannais mar gheall ar an maoiniú nua. Mar thoradh ar an méadú sin, ardófar teagmháil an Líonra agus neartófar naisc idir eagraíochtaí ar fud an oileáin.

Cuireann BTS timpeall €7.3 milliún ar fáil, agus tá €2.7 milliún i gcómhaoiniú tagtha ó shuíomhanna ceannais. In 2026, bogfar lároifig an Líonra ó Ollscoil na Gaillimhe go hOllscoil na Míochaine agus na nEolaíochtaí Sláinte de chuid Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn, i mBaile Átha Cliath.

Mar gheall ar an maoiniú, tabharfar isteach cur chuige nua chun tacú le PPI atá níos seasta agus níos fónta. Den chéad uair, tógfaidh baill den phobal ról fhoirmeálta chomhcheannaireachta orthu féin laistigh den Líonra, rud lena gcuirfear le rialachas agus maoirseacht.

Síolchiste le haghaidh PPI

Le síolchiste de €500,000, tacófar le gníomhaíochtaí luath PPI, rud a chuirfidh ar chumas taighdeoirí agus comhpháirtithe comhpháirtíochtaí nua agus reatha a fhorbairt agus PPI a neartú i gceapadh taighde.

Beidh an maoiniú á úsáid ag an Líonra chun acmhainní agus tacaíochtaí a fhorbairt ionas gur féidir le taighdeoirí PPI a thabhairt isteach in eolaíocht sonraí, tionscadail sonraí móra/intleachta saorga agus athúsáid sonraí othar le haghaidh taighde sláinte.

Is céim ar aghaidh shuntasach í an infheistíocht sin chun PPI a leabú mar ghné lárnach de thaighde cúraim sláinte agus shóisialta in Éirinn.

Cabhróidh infheistíocht Chéim II dlús a chur le PPI a chomhtháthú thar raon leathan de réimsí taighde, agus ar an gcaoi sin ábharthacht, cáilíocht agus tionchar de thorthaí taighde a fheabhsú.

De bharr na hoibre sin, tá BTS ag tacú le córas taighde atá níos ábalta eolas a thabhairt do pholasaí, seirbhísí a fheabhsú agus tairbhe inbhraite a chur ar fáil d'othair agus don phobal.

Cás-Staidéar 2

Imreoirí CLG ag glacadh páirte i bhfeachtas feasachta ar ghalair uiríocha, arna mhaoiniú ag BTS

Tá réaltacht fhíorúil á húsáid ag clár faoi stiúir PPI chun litearthacht shláinte na bhfear maidir le riochtaí uiríocha a chur chun cinn.

In 2025, baineadh céim shuntasach nua amach maidir le feasacht fear ar ghalair uiríocha a ardú trí chur chuige nuálach atá bunaithe ar an teicneolaíocht, nuair a cuireadh triail fhéidearthachta i gcrích.

Le maoiniú BTS faoi scéim Gradam um Idirghabháil agus Féidearthacht Dheifnídeach (DIFA), leanadh de thacaíocht a thabhairt d'obair sheanbhunaithe Choláiste na hOllscoile, Corcaigh maidir le clár um Fheasacht na bhFear ar Ghalair Uiríocha a Fheabhsú (E-MAT).

Galar annamh atá in ailse uiríoch, ach is í an cineál ailse is coitianta i measc fir óga idir 15 agus 44 bliain d'aois. Tugtar diagnóis d'ailse uiríoch do thart ar 170 fear gach bliain in Éirinn.

Ó bunaíodh é, tá E-MAT ag cur prionsabail PPI i bhfeidhm níos mó agus níos mó trí ghuthanna, roghanna agus taithí saoil na ndaonraí is mó a mbíonn fadhbanna sláinte uiríche ag dul i bhfeidhm orthu, i.e. fir óga agus fir mheánaosta, a chomhtháthú.

Cluiche réaltachta fíorúla

Mar gheall ar thaighde faoi stiúir Ollamh Mohamad Saab in COC, le PPI, forbraíodh cluiche oideachasúil réaltachta fíorúla (VR) trí leibhéil, ar a dtugtar E-MAT_{VR}, agus tá an cluiche curtha ar fáil trí fhearas cinn VR a úsáid. Leag obair luath cháilíochtúil agus chainníochtúil le fir treo na hidirghabhála, agus léirigh sí bearnaí feasachta, leisce maidir le cabhair a lorg, agus rogha do stíleanna foghlama atá idirghníomhach nó éasca a thuiscint. Úsáideann E-MAT_{VR} greann éadrom chun oideachas a chur ar fhir maidir le galair uiríocha agus spreagann sé iad a n-uiríocha a scrúdú agus cabhair leighis a lorg má bhíonn siomptóim i gceist.

Rinne an triail fhéidearthachta arna maoiniú ag BTS iniúchadh ar an indéantacht maidir le trialacha rialaithe randamaithe (RCT) a dhéanamh amach anseo chun éifeachúlacht E-MAT a thástáil trí idirghabháil VR (E-MAT_{VR}) a úsáid, i gcomparáid le E-MAT trí rialú faisnéise leictreach (E-MAT_E) a úsáid, agus chun an bealach is fearr E-MAT a sholáthar amach anseo a fháil amach.

Cur i bhfeidhm ar scála

Bhí sé mar aidhm ag an staidéar fáil amach ní hamháin cé acu cur chuige is fearr a oibríonn ach freisin cén bealach a bhféadfar gach ceann acu a chur i bhfeidhm ar scála.

Lárnach don staidéar a bhí rannpháirtíocht lúthchleasaithe fireann, go háirithe iad siúd atá cleamhnaithe le Cumann Lúthchleas Gael (CLG), eagraíocht a ghníomhaigh mar rannpháirtithe taighde agus mar chomhoibrithe araon chun dearadh



An tOllamh Mohamad Saab, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh



Enhancing Men's Awareness of Testicular Diseases

idirghabhála, earcaíocht, inúsáidteacht agus ábharthacht a mhúnlú.

Threoraigh a n-aiseolas feabhsuithe i ndearadh, soiléireacht ábhair agus compord úsáide, rud a chabhraigh leis an idirghabháil a bheachtú ionas go mbeadh sé ina uirlis níos tarraingtí agus níos inrochtana.

Ghlac thart ar 74 imreoir páirt ar fud cumainn rannpháirteacha. Chomhlánaigh gach rannpháirtí suirbhé tosaigh faoina dtuiscint ar shláinte uiríoch sular sannadh iad don idirghabháil VR (E-MAT_{VR}) nó don leagan leictreonach (E-MAT_E).

Ansin chomhlánaigh siad an dara suirbhé go díreach tar éis a seisiúin agus an tríú suirbhé trí mhí ina dhiaidh sin. Leis an dearadh sin, cuireadh ar chumas na foirne measúnú a dhéanamh ar athruithe láithreacha agus seasta maidir le heolas agus le hiompraíochtaí.

Earcaíocht ar na meáin shóisialta

Taobh leis na suirbhéanna sin, rinne an fhoireann taighde iniúchadh ar na hardáin meán sóisialta is oiriúnaí chun fir a earcú do na staidéir sláinte. Bhí earcaíocht ina príomhdhúshlán i gcláir shláinte na bhfear roimhe sin agus beidh sé riachtanach cainéil éifeachtacha a aimsiú i leith aon tionscnamh náisiúnta amach anseo.

Cuireadh anailís costais is tairbhe san áireamh sa staidéar sin freisin ina ndearnadh comparáid idir soláthar VR agus an rogha leictreonach atá níos simplí.

Rinne an staidéar comparáid idir éifeacht E-MAT a seachadadh trí VR (E-MAT_{VR}) agus E-MAT a seachadadh go leictreonach mar théacs simplí ag baint úsáide as táibléad (E-MAT_E) agus fuarthas amach nach raibh aon difríocht shuntasach san eolas nuair a rinneadh comparáid idir E-MAT_{VR} agus E-MAT_E, cé gur feabhsaíodh eolas sa dá ghrúpa, E-MAT_{VR} agus E-MAT_E.

Is féidir é sin a mhíniú de bharr nach raibh ach 74 rannpháirtí sa staidéar, agus go bhfuil gá le triail idirghabhála chinntitheach iomlán le méid samplach níos mó atá cumhachtaithe chun éifeachtacht E-MAT_{VR} a bhrath chun éifeachtacht a bhunú.

San iomlán, bhí rannpháirtithe an-sásta le E-MAT_{VR}. Thug siad comhairle luachmhar maidir le hidirghníomhaíocht a fheabhsú, costas a laghdú agus rochtain a mhéadú ar VR. Cuirfear na moltaí go léir sin san áireamh agus E-MAT á fhorbairt agus á thriail amach anseo.

Sa deireadh, fuarthas amach sa taighde sin gur fiú é staidéar méadaithe a dhéanamh agus gur féidir VR a úsáid chun sláinte na bhfear a chur chun cinn amach anseo.

Cuspóir Straitéiseach 2

Guth neamhspleách

Tá sé mar aidhm againn a bheith inár nguth neamhspleách inchreidte don taighde agus don fhianaise, agus a bheith inár gceannaire machnaimh iontaofa. Leanann ionad fianaise BTS de bheith ag tacú le fianaise neamhspleách inchreidte a ghiniúint chun bonn eolais a chur faoi chinntí lucht ceaptha beartas, cleachtóirí agus an phobail.

Féachaimid freisin le comhordú a fheabhsú eatarthu siúd a ghabhann do shintéis fianaise ar fud na tíre agus an domhain, agus déanaimid ár ndícheall an mhuinín atá ag daoine as an bhfianaise a tháirgtear a thuilleamh agus a chothú, agus ag an am céanna idirphlé a éascú maidir le hábhair an taighde sláinte atá ag teacht chun cinn.

Míreanna tábhachtacha a baineadh amach:

- Tacaíodh le 49 deontas um Scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí maidir le himeachtaí agus ceardlanna atá bainteach le taighde sláinte, ina measc Voices Rarely Heard: Empowering Young People Living with Rare Diseases – From Lived Experience to Leadership; an Seimineár ar Shábháilteacht Othair sa Phobal; agus an Fóram Idirnáisiúnta le haghaidh Trialaithe Géarchúraim.
- Seachadadh Measúnú Mear ar Chóras Tacaíochta Fianaise (RESSA) ar chóras tacaíochta fianaise na hÉireann maidir le ceaptha beartas sláinte trí thionscadal tiomsaithe faoi stiúir Evidence Synthesis Ireland (ESI) agus faoi mhaoirseacht grúpa a dhéanann ionadaíocht do pháirtithe

leasmhara tábhachtacha ar a ndéanann BTS cathaoirleacht air, lena n-áirítear an Roinn Sláinte, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), agus an Coimisiún Domhanda Fianaise.

- Bronnadh €6 mhilliún i maoiniú d'Fhorbairt Acmhainne le haghaidh Sintéis Fianaise ar ESI i ndiaidh glaoch iomaíoch. Áiríodh leis sin síntiús de €1.5 milliún ó Taighde agus Forbairt um Chúram Sláinte agus Sóisialta (T&F HSC), Tuisceart Éireann. Tógann an dámhachtain ar infheistíochtaí roimhe seo ó BTS agus T&F HSC, Tuisceart Éireann, i leith forbairt acmhainne le haghaidh sintéis fianaise ar oileán na hÉireann. Leis sin, deimhneofar a thuilleadh gur ceannródaí í Éire in iarrachtaí domhanda fianaise atá iontaofa agus suas chun dáta a chur ar fáil le haghaidh cinntí polasaí agus cleachtais níos eolasaí a dhéanamh i gcúram sláinte agus sóisialta.
- Leathnaíodh agus feabhsaíodh líonra ESI trí Mhol Sintéise Fianaise tiomnaithe a bhunú le haghaidh ullmhachta agus freagartha ar bhagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn tríd ár ndámhachtain Evidence Synthesis Ireland. Beidh an mol ina phointe náisiúnta comhordaithe agus ina acmhainn le haghaidh fianaise a shintéisiú maidir le gach bagairt mhór sláinte. Glacfaidh sé peirspictíocht 'Aon Sláinte Amháin', uileghuaiseacha, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh) paindéimí; eipidéimí; guaiseacha ionfhabhtaíochta; frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach; pataiginí núíosacha; agus dúshlán leathana iompraíochta, eolaíochta agus chóras. Rinneadh an



Clé go deas: An Dr Tonya Moloney, Oifigeach Taighde le Lárionad Taighde BTS; Jennifer Murnane O'Connor, Aire Stáit na Roinne Sláinte a bhfuil freagracht speisialta aici maidir le Sláinte Poiblí, Folláine agus na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí; agus POF BTS Gráinne Gorman ag seoladh an athbhreithnithe fianaise ó BTS *The effectiveness of public health interventions in reducing sunbed use and rates of skin cancer*.

dámhachtain i gcomhréir le moltaí na tuarascála ó Grúpa Stiúrtha Saineolaithe um Fheidhm na mBagairtí Sláinte atá ag Teacht Chun Cinn i ndiaidh plé le Príomh-Oifigeach Leighis na Roinne Sláinte.

- Sheachaid Ionad Fianaise BTS 18 dtáirge fianaise. Ina measc bhí:
 - 5 athbhreithniú ar an bhfianaise a chlúdaigh éifeachtach idirghabhálacha sláinte poiblí chun úsáid leapacha gréine agus rátaí ailse craicinn a laghdú; éifeacht de fhluarídiú saorga uisce pobail ar shláinte fiacloireachta; athbhreithniú ar léarscáileanna fianaise agus bearnaí maidir le hidirghabhálacha cóireála leighis agus torthaí i sláinte na mban; agus sábháilteacht, éifeachtacht agus sochair eacnamaíocha d'oidéasú ag cógaiseoirí
 - 11 threoir fianaise, a chlúdaigh réimse leathan topaicí a bhaineann le polasaí:
 1. seirbhísí meabhairshláinte a rialú
 2. tacaíochtaí airgeadais le haghaidh íospartaigh galar aicídeach
 3. measúnú ar sheirbhísí agus tacaíochtaí do dhaoine scothaosta
 4. samhlacha cúraim i leith seirbhísí cúraim phríomhúil péidiatraicigh
 5. fórsa oibre tacaíochta na hobrádlainne
 6. cleachtas cnáimhseachais an phobail
 7. samhlacha seachadta aonaid gortuithe
 8. samhlacha síciatrachta idirchaidrimh le haghaidh cásanna mheabhairshláinte sa roinn éigeandála

9. úsáid na teicneolaíochta i soláthar seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta do dhaoine scothaosta
10. cúram faoisimh do dhaoine scothaosta agus a dteaghlaigh/a gcúramóirí neamhfhoirmiúla

11. oibrithe tábhachtacha stróc

- 1 chuardach agus scagadh ar litríocht phiarmheasúnaithe lena n-aithnítear fianaise a dhéanann measúnú ar éifeachtacht de stoc-charnadh frithbhearta míochaine agus ceimiceacha, bitheolaíocha, radaeolaíocha agus núicléacha i gcásanna géarchéime, lena n-áirítear paindéimí
- 1 aibhsiú fianaise ar an gcaoi a gcuirtear Treoir 2002/46/CE, maidir le forlíonta bia a chur ar an margadh mar bhia-ábhair, i bhfeidhm i mBallstáit an AE, agus an chaoi a ndéantar comparáid idir í agus reachtaíocht i dtríú tíortha.
- Foilsíodh foilseachán piarmheasúnaithe ar shábháilteacht, costas agus tionchar comhshaoil athphróiseála feistí leighis aon úsáide ardriosca.
- D'fhreagair Leabharlann Náisiúnta Drugaí BTS 528 fiosrúchán scríofa, agus bhí 329,616 seisiún úsáideora ar stórlann na leabharlainne.
- Foilsíodh trí eagrán (90–92) de *Drugnet Ireland* agus aon fhorlíonadh *Drugnet Ireland*.

Cás-Staidéar 3

Nochtann BTS bearnaí suntasacha i dtaighde maidir le riochtaí shláinte na mban

Le hathbhreithniú BTS ar léarscáileanna fianaise agus bearnaí de 2,279 staidéar, nochtadh bearnaí i dtaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta shláinte na mban.

.....

Tá bearnaí suntasacha ann maidir le tuiscint ar riochtaí a théann i bhfeidhm ar mhná, lena n-áirítear míosta/comharthaí mínormálta, faigheanóis, tultitim orgán peilbheach, luathbhreith anabaí, agus meabhairshláinte iar-bhreithe, de réir tuarascáil ó BTS a foilsíodh i Meán Fómhair 2025.

D'iarr an RS *Women's health treatment interventions and outcomes: An evidence and gap map review* a dhéanamh chun tacú le Gníomhaíocht 6 de *Phlean Gníomhaíochta Shláinte na mBan 2024-2025*.

Leis an ngníomhaíocht seo, glactar le bonn fianaise do shláinte na mban a mhéadú trí thaighde cliniciúil, acadúil agus feidhmeach a neartú.

Scóip an athbhreithnithe

Rinne BTS athbhreithniú fairsing ar léarscáileanna fianaise agus bearnaí chun scrúdú a dhéanamh ar líon na staidéar idirghabhála atá ann cheana féin maidir le riochtaí sláinte na mban ar fud thíortha comhalta den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD).

Áiríodh san athbhreithniú 2,279 staidéar i mBéarla a foilsíodh idir Eanáir 2019 agus Feabhra 2024. Áiríodh sna dearáí staidéir incháilithe:

- trialacha rialaithe randamaithe
- trialacha neamhrandamaithe
- measúnuithe eacnamaíochta iomlána
- athbhreithnithe córasacha ina raibh na dearáí sin san áireamh
- prótacail staidéir.

Ba iad an daonra ab ábhar suime é ná duine baineann de réir bitheolaíochta d'aois ar bith a ndearnadh diagnóis uirthi le ceann amháin nó níos mó de 10 gcatagóir riocht sláinte roghnaithe, lena n-áirítear: míosta mínormálta, ailsí an chórais atáirgthe, riochtaí gíniceolaíochta, siomptóim mheanapáis, neamhoird an pheilbhis, neamhthorthúlacht, luathbhreith anabaí (faoi bhun 20 seachtain) agus meabhairshláinte iar-bhreithe.

An áit ina bhfuil fianaise

Léirítear sa léarscáil fianaise agus bearnaí go bhfuil an bonn fianaise is láidre ar fud thíortha comhalta OECD le fáil i riochtaí gíniceolaíochta, ailsí an chórais atáirgthe, neamhthorthúlacht bhaineann, neamhoird urlár an pheilbhis agus siomptóim mheanapáis.

Aithníodh san athbhreithniú freisin roinnt réimsí a raibh fianaise theoranta ar fud thíortha comhalta OECD, lena n-áirítear míosta mínormálta (neamhláithreachtaí fola míosta nó sruth laghdaithe) agus neamhord diosfóiríá réamh-mhíosta.

Bhí taighde teoranta ann maidir le faigheanóis pheilbheach agus phíte, agus níor aithníodh aon staidéar ar bith ar vuilvíteas. Bhí easpa fianaise ann maidir le meabhairshláinte iar-bhreithe, lena n-áirítear neamhord struis iar-thrámaigh iar-bhreithe.

Aithníodh go raibh laige sa taighde ó thaobh thuitim na n-orgán peilbheach, agus nach raibh aon staidéar ann ar chisteá-úiréadraicéil, eintricéil ná úiréadraicéil; agus luathbhreith anabái (faoi bhun 20 seachtain), lena n-áirítear ginmhilleadh seipteach.

Bearnaí fianaise in Éirinn

San anailís, nochtadh bearnaí suntasacha fianaise nuair a rinneadh scagadh ar shonraí chun féachaint ar staidéir a bhí ag dul ar aghaidh go fóill nó a bhí curtha i gcrích in Éirinn. Níor aithníodh aon staidéar Éireannach incháilithe maidir leis na réimsí seo a leanas: siomptóim mheanapáis, tuitim na n-orgán peilbheach, faigheanóis pheilbheach agus phíte, luathbhreith anabái agus meabhairshláinte iar-bhreithe.

Seachas ailsí an chórais atáirgthe (21 staidéar), bhí ceithre staidéar nó níos lú déanta in Éirinn maidir le gach catagóir ríochta sláinte eile.

Bhí ceithre chatagóir ann nach raibh aon staidéar idirghabhála Éireannach déanta, agus ba iad sin na cinn a raibh an fhianaise is lú go hidirnáisiúnta. Is iad sin siomptóim mheanapáis, tuitim na n-orgán peilbheach, faigheanóis pheilbheach agus phíte, luathbhreith anabái agus meabhairshláinte iar-bhreithe.



An Dr Jane Murphy, Oifigeach Taighde, Lárionad Fianaise BTS, agus príomhúdar na tuarascála



Léirítear sa tuarascáil go bhfuil sé riachtanach an bonn fianaise a neartú chun tacú le beartas agus chun torthaí do mhná a fheabhsú.



Torthaí lárnacha ar iarraidh

Fuarthas san anailís freisin go raibh tuairisciú neamhréireach ar thorthaí lárnacha caighdeánaithe ar fud na staidéar a scrúdaíodh.

Cé gur tuairiscíodh formhór na bpríomhthorthaí, i measc na dtorthaí nach raibh le feiceáil sna staidéir reatha bhí rialtacht mhíosta in adanaimíóis, anubhsceitheadh ainsealach i siondróm ubhagáin pholaicisteach, mortlaíocht i dtoircheas eachtópach agus gínmhilleadh/breith anabái spontáineach, smaointe féinmharaíthe, iarracht féinmharaíthe agus smaointe faoi dochar a dhéanamh don leanbh i ndúlagar iar-bhreithe.

Cuireann sé sin teorainn leis an gcumas bonn fianaise comhtháite, inchomparáide a thógáil le haghaidh cinnteoireachta cliniciúla.

Conclúid

Leagann torthaí anailís fianaise agus léarscáil bearna BTS béim ar bhearnaí suntasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaighde ar shláinte na mban.

Léirítear sa tuarascáil go bhfuil sé riachtanach an bonn fianaise a neartú chun tacú le beartas agus chun torthaí do mhná a fheabhsú. Maidir le staidéir amach anseo, ba cheart príomhthorthaí a thomhas agus a thuairisciú go comhsheasmhach, chomh maith le saineolaithe ildisciplíneacha agus ionadaithe ban a bheith páirteach chun tosaíochtaí taighde a mhúnlú, de réir na tuarascála.

Tar éis fhoilsiú na tuarascála, d'fhógair an Roinn Sláinte €2 mhilliún i maoiniú tiomnaithe do shláinte na mban trí ghlao maoinithe taighde ón mBord Sláinte in 2026–27, agus d'iarr an Roinn athbhreithniú fianaise freisin chun scrúdú a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar éifeachtacht idirghabhálacha síceolaíocha chun dúlagar imbhreithe agus neamhord struis iar-thrámach imbhreithe a chóireáil.

Cás-Staidéar 4

Leagann BTS béim ar shábháilteacht, éifeachtacht agus sochair eacnamaíocha d'oid easú ag cógaiseoirí

D'iarr an Roinn Sláinte ar an mBord Taighde Sláinte athbhreithniú cuimsitheach fianaise a dhéanamh ar oid easú ag cógaiseoirí i gcúram príomhúil, tánaisteach agus treasach.

Fuair athbhreithniú fianaise BTS, *Effectiveness, safety, and cost-effectiveness of pharmacist prescribing*, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2025, torthaí coibhéiseacha nó feabhsaithe agus cost-éifeachtúlacht réamh-mheasta.

Ba é an cuspóir ná eolas a chur ar fáil d'fhorbairt beartais i ndiaidh moltaí ón Tascfhórsa Saineolaithe chun Tacú le Leathnú Ról na Cógaíochta. San athbhreithniú rinneadh fiosrúchán ar thrí phríomhcheist: An bhfuil oid easú ag cógaiseoirí sábháilte? An bhfuil sé éifeachtach? Agus an bhfuil sé cost-éifeachtúil?

Scóip agus modhanna

Rinne BTS athbhreithniú córasach ar phríomhstaidéir chainníochtúla agus ar mheasúnuithe eacnamaíocha iomlána. Bhain cuardaigh fhairsinge ar bhunachair sonraí, cuardaigh fhorlíontacha, eastóscadh sonraí agus bailíochtú ag athbhreithneoirí neamhspleácha, measúnú cáilíochta ag baint úsáide as uirlisí seanbhunaithe, agus rátálacha GRADE (Grádú ar Mholtaí, Measúnú, Forbairt agus Meastóireacht) leis sin.

Chomhlíon 52 staidéar san iomlán na critéir chuimsithe, agus tuairiscíodh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- thuairiscigh 20 ar shábháilteacht
- thuairiscigh 32 ar éifeachtacht
- thuairiscigh 13 ar cost-éifeachtúlacht.

Chlúdaigh na staidéir sin réimse coinníollacha sláinte agus suíomhanna seirbhíse, agus rinneadh measúnú ar oid easú ag cógaiseoirí i samhlacha neamhspleácha, comhoibriúchá, prótacail-bhunaithe, agus foirmleáir.

Sábháilteacht

Clúdaigh na torthaí sábháilteachta 12 dhaonra cúraim sláinte, lena n-áirítear daoine a bhfuil neamhoird téachtaithe, galar ainsealach duáin, agus ionfhabhtuithe conaire fuail (UTI) orthu. Rinneadh taighde freisin ar dhaonraí i gcúram fadtéarmach, cúram éigeandála agus cúram máinliachta.

Ar fud an bhoinn fianaise, bhí oid easú ag cógaiseoirí chomh sábháilte le hoideasú leighis i gcoitinne, agus formhór na staidéar ag tuairisciú feabhsuithe suntasacha nó gan aon difríochtaí suntasacha i dteagmhais dhíobhálacha, ospidéalú nó cuairteanna éigeandála a bhain le húsáid cógais, nó níos lú earráidí oid easaithe.

Tuairiscíodh i bhformhór na staidéar feabhsuithe suntasacha nó gan aon difríochtaí suntasacha nuair a d'ordaigh cógaiseoirí i gcomparáid le dochtúirí nó le hoideasóirí eile.

Áiríodh leis sin:

- laghdaíodh teagmhais dhíobhálacha a bhaineann le friththéachtadh i roinnt staidéar
- feabhsaíodh comhréireacht le treoirlíne frithmhiocróbach i mbainistíocht UTI
- fuarthas níos lú earráidí in oideasú i suíomhanna éigeandála agus máinliachta.

Fuair staidéar amháin níos mó imeachtaí a bhain le fotheannas i ngrúpa cógaiseoirí i gcomparáid leis an ngrúpa comparáidí, agus thuairiscigh staidéar eile méadú ar chuariteanna othar seachtrach (ach líon níos lú daoine a cuireadh san ospidéal).

Éifeachtacht

Áiríodh san athbhreithniú fianaise maidir le 13 réimse cliniúla lena n-áirítear diaibéiteas, hipirtheannas, dislipidéime, galar ainsealach duáin, ionfhabhtú chonair an fhuail, oideasú frithghiniúnach, cliseadh croí, cúram fadtéarmach, agus riochtaí ainsealacha measctha.

Tuairiscíodh i bhformhór na staidéar feabhsuithe suntasacha nó gan aon difríochtaí suntasacha nuair a d'ordaigh cógaiseoirí i gcomparáid le dochtúirí nó le hoideasóirí eile.

I measc na dtorthaí a measúnaíodh go coitianta bhí brú fola, leibhéil lipidí, rialú cóimheas normalaithe idirnáisiúnta (INR) le haghaidh téachtadh fola, spriocanna haemaglóibín, rochtain ar chúram, cloí le cóireáil, agus bearta níos leithne ar cháiliócht na beatha.

Torthaí suntasacha:

- Léirigh staidéir diaibéiteas den chuid is mó rialú coibhéiseach nó feabhsaithe ar shiúcra fola.
- Léirigh staidéir ar neamhord téachtaithe torthaí coibhéiseacha nó feabhsaithe ar théachtadh fola.
- Léirigh staidéir hipirtheannas torthaí coibhéiseacha nó feabhsaithe maidir le brú fola.

Tuairiscíodh san athbhreithniú teorainneacha modheolaíochta sa taighde a sainithníodh, rud atá coitianta sa chineál sin taighde sláinte poiblí sa saol réadúil i gcomparáid le trialacha drugaí níos rialaithe.



Áine Teahan, Taighdeoir Sinsearach, Lárionad Fianaise BTS, agus príomhúdar na tuarascála

Cost-éifeachtúlacht

I staidéir chost-éifeachtúlachta rinneadh scrúdú ar ocht riocht sláinte: diaibéiteas, hipirtheannas, galar ainsealach duáin, ionfhabhtú chonair an fhuail, tinnis bheaga, géarfharaingiteas, frithghiniúint, agus pian ainsealach.

Ar fud na staidéar seo, bhíothas ag súil go ginearálta go mbeadh oideasú ag cógaiseoirí:

- ar chostas níos ísle agus le héifeacht níos airde, nó
- ar chostas níos ísle le héifeachtúlacht choibhéiseach, nó
- níos fabhraí i dtéarmaí costais-sochair ná oideasú ag dochtúirí.

Mar shampla:

- Bhíothas ag súil go dtabharfadh cúram faoi stiúir cógaiseoirí do dhiaibéiteas agus hipirtheannas torthaí níos fearr ar chostas níos ísle.
- Bhíothas ag súil go mbainfeadh cógaiseoirí torthaí inchomparáide amach ar chostas níos ísle maidir le hionfhabhtuithe chonair an fhuail agus tinnis bheaga.
- Bhíothas ag súil go mbeadh oideasú ag cógaiseoirí níos cost-éifeachtaí ná samhlacha oideasaithe leighis maidir le hoideasú frithghiniúna.

- Ní bhfuarthas ach aon staidéar amháin – ar phian ainsealach – go raibh oideasú ag cleachtadh ginearálta míochaine níos cost-éifeachtaí.

Tábhacht do bheartas

Le chéile, tugann an fhianaise le fios gur féidir le hoideasú ag cógaiseoirí torthaí othar a choinneáil nó a fheabhsú agus éifeachtúlachtaí féideartha ar leibhéal an chórais a thairiscint ag an am céanna.

Dúirt Aire Sláinte Carroll-MacNeill go bhfuarthas in athbhreithniú BTS go bhfuil “fianaise shoiléir de shábháilteacht, éifeacht agus cost-éifeachtúlacht” ag baint le hoideasú ag cógaiseoirí.

Conclúid

Léiríonn an t-athbhreithniú fianaise go bhféadfadh leathnú ar oideasú ag cógaiseoirí rochtain a fheabhsú, tacú le cúram comhtháite, agus buntáistí eacnamaíocha a sholáthar, agus sábháilteacht agus éifeachtacht á gcoimeád ag an am céanna.

Cuspóir Straitéiseach 3

Sonraí iontaofa

Trí rochtain ar shonraí faoi chúram sláinte agus sóisialta, go háirithe agus í nasctha le sonraí taighde agus staitistiúla, is féidir soláthar an chúraim sláinte a athrú ó bhonn, chomh maith leis an gcaoi a mbainistimid ár sláinte féin. Tá ról ceannasach maidir leis an gclaochlú sin a chumasú glactha ag BTS cheana féin.

Táimid tiomanta d'úsáid sonraí a chur chun cinn agus a chumasú chun beartas sláinte a mhúnlú, soláthar cúraim sláinte a fheabhsú, agus tionscnaimh taighde agus nuálaíochta níos leithne a chur chun cinn. Thairis sin, oibreoimid chun cur leis an tuiscint atá ag an bpobal ar an tábhacht a bhaineann le rochtain shlán ar shonraí sláinte agus cúraim shóisialta a éascú don taighde, don bheartas agus don phleanáil. Tabharfaimid tacaíocht freisin do tháirgeoirí sonraí agus taighdeoirí dea-chleachtais a ghlacadh maidir le bainistiú, rialachas agus athúsáid sonraí.

Míreanna tábhachtacha a baineadh amach:

- Foilsíodh sé thuarascáil agus nuachtlitir StatLink de chuid na gCóras Náisiúnta um Fhaisnéis Sláinte (NHIS) mar aon le 21 infografaic ghaolmhara:
 - éileamh ar chóireáil alcóil in Éirinn in 2024 (an Córas Tuairiscithe Náisiúnta ar Chóireáil Drugaí (NDTRS))
 - éileamh ar chóireáil alcóil in Éirinn in 2024 (NDTRS)
- tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí aonad agus ospidéal síciatrach in Éirinn in 2024 (an Córas Tuairiscithe Náisiúnta ar Othair Shíciatracha Chónaitheacha (NPIRS))
- forbhreathnú ar dhaoine a bhí ag baint úsáide as seirbhísí míchumais in 2024 (an Córas Náisiúnta Tacaíochtaí Cumais (NASS))
- básanna de bharr nimhiú drugaí in Éirinn in 2022 (sonraí ón Innéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí, (NDRDI))
- Básanna i measc daoine a bhí gan dídean ag am a mbáis in Éirinn 2021 (NDRDI)).
- Foilsíodh dhá thuarascáil ar:
 - úsáid drugaí in Éirinn in 2023
 - leitheadúlacht d'úsáid fhadhbach de dhruaí ópóideacha in Éirinn in 2020–2022
- Táirgeadh agus comhtháirgeadh 11 foilseachán phiarmheasúnaithe ag díriú ar:
 - úsáid d'heics-hidreachannaibidhé-ól (HHC) in Éirinn
 - treochtaí in úsáid cócaoin agus sna díobhálacha gaolmhara in Éirinn
 - naisc idir cruatan óige agus úsáid alcóil i luath-aosacht
 - naisc agus fachtóirí idirghabhála idir eispéiris dhíobhálacha óige agus iompraíochtaí úsáide substaintí i luath-aosacht
 - othair isteach mar gheall ar neamhord itheacháin i measc daoine óga in Éirinn
 - othair isteach mar gheall ar síocóis in Éirinn
 - leitheadúlacht agus fachtóirí riosca a bhaineann le húsáid il-substaintí luath i luath-aosacht in Éirinn



- fachtóirí a bhaineann le húsáid cócaoin ag aois 17 agus 20 bliain in Éirinn
- úsáid alcóil luath agus rioscaí i measc déagóirí mar réamhinsint ar úsáid alcóil, tobac, cannabais agus drugaí eile i luath-aosacht in Éirinn
- díobhálacha a bhaineann le mí-úsáid drugaí ar oideas in Éirinn
- cearrbhachas mar fhachtóir i mbaol féinmharaithe.
- Seachadadh 10 leabhar oibre agus 16 thábla chaighdeánacha/thábla struchtúrtha chuig Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) chun oibleagáidí tuairiscithe na hÉireann don institiúid seo a chomhlíonadh.
- Seachadadh tábla struchtúrtha amháin chuig Oifig na Náisiún Aontaithe (NA) um Dhrugaí agus Coireacht chun oibleagáidí tuairiscithe na hÉireann don institiúid seo a chomhlíonadh.
- Freagraíodh 114 iarratas ó úsáideoirí sonraí seachtracha, taighdeoirí agus acadóirí ar shonraí ónár gcórais faisnéise.
- Cuireadh sonraí NPIRS ar fáil don Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), a foilsíodh ar thairseach sonraí oscailte an CSO PxStat, agus a fuair 591,370 cuairt idir Samhain 2024 agus Samhain 2025
- Cuireadh sonraí ón NDTRS ar fáil trí tháblaí idirghníomhacha ar shuíomh gréasáin Leabharlann Náisiúnta Drugaí BTS, a raibh 396 úsáideoir gníomhach ag féachaint orthu 1,133 uair.
- Tacaíodh le 5,437 seirbhís agus 3,477 úsáideoir gníomhach chun sonraí a chur isteach trí LINK, tairseach iontrála sonraí ar líne BTS.
- Glacadh páirt i ngrúpaí oibre Pobail Chleachtais an Dara Gníomhaíocht Chomhpháirteach i dTreo Spáis Sonraí Sláinte na hEorpa (TSSSE2) de chuid AE ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta, atá ceaptha chun obair an Spáis Sonraí Sláinte na hEorpa a chur cinn in Éirinn.
- Freastalaíodh ar Chomhthionól Ginearálta um Phobal Cleachtais i Málta.
- Tacaíodh leis an Rúnaíocht chuig an gCoiste um Dhearbhuí Toilithe Taighde Sláinte (HRCDC). Tháinig an Coiste le chéile 10 n-uair, ag déanamh 20 dearbhuí toilithe agus ag ceadú 21 iarratas ar leasú chun úsáid sonraí pearsanta le haghaidh taighde sláinte ar mhaithe le leas an phobail a éascú in éagmais toiliú sainráite.
- Rinne an Rúnaíocht an méid seo a leanas in 2025 freisin:
 - Rinneadh 68 athbhreithniú bliantúil a bhainistiú ar dhearbhuíthe toilithe atá ann cheana féin a rinneadh le haghaidh taighde sláinte chun tacú le monatóireacht ar dhearbhuíthe toilithe thar ceann an HRCDC.
 - Oibríodh go dlúth leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus leis an Roinn Sláinte chun ceisteanna sonracha maidir le ceanglais rialála cosanta sonraí a shoiléiriú.
 - Cuireadh seisiún oiliúna agus feasachta ar fáil do ghrúpaí taighde ar phróiseas HRCDC agus tugadh isteach cruinnithe réamh-aighneachta chun cabhrú le taighdeoirí nascleanúint a dhéanamh tríd an bpróiseas iarratais.
 - Gníomhaíodh mar bhall den ghrúpa stiúrtha don tionscadal HealthData@IE sa Roinn Sláinte, ag tacú le cur i bhfeidhm Rialachán Spáis Sonraí Sláinte na hEorpa in Éirinn.

Cás-Staidéar 5

Léiríonn treochtaí cúig bliana i líon na leanaí agus na ndéagóirí ar othair isteach iad de bharr neamhoird itheacháin go bhfuil an t-éileamh ag méadú

De réir staidéar náisiúnta BTS, *Trends and description of inpatient admissions for eating disorders among children and adolescents in Ireland: 2018–2022*, tá ardú 121% i measc daoine faoi bhun 18 a tógadh isteach san ospidéal.

.....

Idir 2018 agus 2022, tháinig méadú suntasach ar líon na n-othar isteach san ospidéal i measc leanaí agus déagóirí mar gheall ar neamhoird itheacháin (EDanna), rud a léiríonn treochtaí idirnáisiúnta agus a ardaíonn imní faoi chumas seirbhíse agus riachtanas cliniúil.

Cuireann an staidéar comhoibríoch, lena mbaineann BTS agus seirbhísí cliniúla náisiúnta, an chéad phróifíl náisiúnta chuimsitheach ar fáil maidir le hothair chónaitheacha isteach ghéarmhíochaine agus shíciatracha do ranna éigeandála i measc daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois thar thréimhse cúig bliana.

Tarraingíonn an anailís ó dhá fhoinsé sonraí náisiúnta: an córas Fiosrúcháin Othair Chónaitheacha Ospidéil (HIPE) agus NPIRS BTS – agus sonraí ó dhá fhoireann réigiúnacha de chuid na Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus Déagóirí maidir le Neamhoird Itheacháin (CAMHS ED).

Soláthraíonn HIPE sonraí urscaoilte comhiomlánaithe, gan ainm, ó ospidéal ghéarmhíochaine phoiblí, agus gabhann NPIRS sonraí iontrála agus urscaoilte ó ionaid shíciatracha ceadaithe.

Taifeadann an dá chóras gníomhaíocht bunaithe ar eipeasóid seachas sonraí bunaithe ar dhaoine, mar sin ní féidir daoine aonair a rianú ó eipeasóid go heipeasóid, ach le chéile cuireann siad pictiúr náisiúnta i láthair de ghníomhaíocht othar cónaitheach a bhaineann le neamhoird itheacháin (ED).

Soláthraíodh sonraí seirbhíse ED pobail ag na foirne réigiúnacha CAMHS ED a bhí i mbun oibríochta le linn na tréimhse staidéir: Seirbhís Neamhoird Itheacháin Pobail Linn Dara agus an tSeirbhís Réigiúnach Neamhoird Itheacháin do Leanaí agus Déagóirí do Chorcaigh agus Ciarraí, agus freastalaíonn gach ceann acu ar dhaonra ceantair de thart ar 550,000.

Rinne an staidéar breathnóireachta iardhearcach scrúdú ar mhinicíocht iontrála, catagóir dhiagnóiseach, cineál ospidéil, fad fanachta agus patrúin atreoraithe pobail. Cuireadh leanaí agus déagóirí faoi bhun 18 mbliana d'aois a tógadh isteach le diagnóis phríomhúil ED san áireamh.

Le linn na tréimhse cúig bliana, bhí 1,573 othar cónaitheach tógtha isteach mar gheall ar neamhoird itheacháin. Bhí mórchuid d'othair isteach tógtha isteach in ospidéal leighis géarmhíochaine (76%; 1,203 eipeasóid), rud a léiríonn ról lárnach de chobhsú leighis.



Harriet Lovett, Anailísí Taighde, BTS, agus príomhúdar na tuarascála

Ba iad ospidéal shíciatracha ba chúis le 24% de na cásanna (370), agus ba iad anorexia nervosa agus anorexia nervosa neamhghnách ba chúis le 91% de na cásanna. B'ionann an meánráta iontrála bunaithe ar eipeasóid agus 52.9 in aghaidh gach 100,000 den daonra i gcás páistí idir 10–18 mbliana d'aois.

Léiríonn na sonraí ardú suntasach ar líon na ndaoine a tógadh isteach: idir 2018 agus 2022, mhéadaigh líon iomlán na n-othar a bhí bainteach le ED faoi 121%, ag ardú ó 170 go 375 eipeasóid. Bhí buaic ghéar ann in 2020 agus 2021 le linn phaindéim COVID-19, rud atá comhsheasmhach le fianaise idirnáisiúnta a léirigh go raibh méadú tagtha ar an éileamh ar chúram ED i measc leanaí agus déagóirí le linn na tréimhse dianghlása.

Tháinig difríochtaí chun cinn idir conairí leighis agus síciatracha. Bhí an meánfhad fanachta in ospidéal ghéarmhíochaine níos giorra ná in ionaid shíciatracha, is é sin 17 lá i gcomparáid le 72 lá, faoi seach, rud a léiríonn b'fhéidir ról na n-ospidéal géarmhíochaine i gcobhsú othair ED sula n-aistrítear chuig seirbhísí pobail iad le haghaidh cóireála síciatraí.

Bhí treocht anuas i líon na laethanta leapa ar an meán, ag titim 10.9 lá idir 2018 agus 2022. D'fhéadfadh tréimhsí níos giorra d'othair chónaithe a bheith bainteach le hobair dhá sheirbhís CAMHS ED.

Cuireann na seirbhísí othar seachtrach seo cur chuige céimnithe ar fáil maidir le cóireáil ED, ag tairiscint tacaíocht níos fearr d'othair chun comharthaí ED a bhainistiú sa bhaile agus fad fanachta san ospidéal a laghdú.

Chomh maith le gníomhaíocht othar cónaitheach, mhéadaigh atreoruithe chuig foirne speisialaithe ED an phobail freisin. Bhí 902 atreorú ann idir 2018 agus 2022, agus buaicphointe de 360 in 2021.

Díobh siúd a ndearnadh measúnú orthu, bhí cúram cónaitheach ag teastáil ó 18% acu, rud a léiríonn an gá leanúnach atá le rochtain ar chúram cónaitheach géarmhíochaine nó síciatrach do fhoghrúpa othar. Leagann sé béim freisin ar an ngá atá le leanúint de chur i bhfeidhm na bhfoirne náisiúnta ED i gcomhréir leis an tSamhail Cúraim do Neamhoird Itheacháin.

Deir na húdair go bhfuil maoiniú breise, comhtháthú níos fearr ar sheirbhísí d'othair chónaitheacha agus méadú ar acmhainneacht speisialtóireachta an phobail riachtanach chun cóireáil thráthúil agus éifeachtach a chinntiú do dhaoine óga. Leag siad béim freisin ar an ngá atá le clár náisiúnta ED chun monatóireacht a dhéanamh ar aistear an othair mar aon le héilimh agus acmhainn seirbhíse.

Cás-Staidéar 6

Beartas sláinte réigiúnach a chur ar an eolas trí shonraí tráthúla ábhartha

Sa bhliain 2025, d'fhreagair Córais Náisiúnta Faisnéise Sláinte (NHIS) de chuid BTS go pras do thabhairt isteach réigiúin sláinte Sláintecare faoi FSS, ag seachadadh sonraí atá sonrach do réigiúin a chuir eolas ar fáil do phleanáil seirbhísí, forbairt beartais agus príomhthosaíochtaí maoinithe faoi Bhuiséad 2026.

.....

Sa bhliain 2025, bhí ról lárnach ag NHIS BTS chun a chinntiú go raibh fianaise thráthúil, ábhartha agus ailínithe go réigiúnach ag tacú le córas sláinte athchumraithe na hÉireann faoi Sláintecare.

Braitheann béim Sláintecare ar phleanáil chomhtháite daonra-bhunaithe ar shonraí ardchaighdeán atá solúbtha go leor le hoiriúnú do mhúnlaí eagraíochtúla nua.

Oiriúnú tapa

De réir mar a bhog réigiúin sláinte FSS ó dhearadh go gcurtha i bhfeidhm, rinne BTS oiriúnú tapa ar ár dtacair sonraí náisiúnta chun freastal ar riachtanais bheartais agus phleanála atá ag teacht chun cinn, ag soláthar aschur saincheaptha a chuir ar chumas na Roinne Sláinte agus FSS patrúin riachtanais, soláthar cóireála agus dochair a thuiscint ar an leibhéal réigiúnach.

Bhí cumas BTS sonraí sonracha do réigiúin sláinte a sheachadadh óna chórais faisnéise náisiúnta sheanbunaithe lárnach don obair sin, lena n-áirítear sonraí faoi mhíchumas, cóireáil alcóil agus drugaí, básanna de bharr nimhiú drugaí agus díobhálacha gaolmhara.

Ag tosú go luath in 2025, chuireamar sonraí mapáilte ar bhonn réigiúnach ar fáil do 2024 agus, nuair a bhí gá leis, dheimhnigh agus sholáthraíomar sonraí comhfhreagracha do 2023.

Cé gur aistrigh FSS go foirmiúil chuig réigiúin sláinte nua i mí Dheireadh Fómhair 2024, d'áirithigh BTS leanúnachas trí shraitheanna sonraí níos luaithe a ailíniú go siarghabhálach leis na struchtúir réigiúnacha nua, agus bhí treochtaí á scrúdú le himeacht ama seachas ina n-aonar dá bharr.

Tá an freagairt thapa réamhghníomhach sin lárnach i ról BTS: is é sin fianaise láidir a sholáthar a chuireann eolas ar fáil maidir le forbairt beartais, a thacaíonn le hathrú eagraíochtúil, agus a dhéanann pleanáil seirbhísí éifeachtach indéanta.

Mapáil réigiúnach

Cuirtear sonraí réigiúnacha ar fáil i léarscáileanna, i dtáblaí agus in anailís, de réir réigiúin sláinte aonair nó de réir na sé cinn de réir mar is gá.

Tá NHIS BTS in ann sonraí geo-chódaithe beachta a bhailiú do gach taifead síos go dtí leibhéal limistéir bhig. Dá bharr sin, is féidir na gcórais sonraí a anailísiú in go leor teorainneacha geografacha éagsúla.

I gcás réigiúin sláinte FSS, mar gheall ar rochtain ar shonraí réigiúnacha comhsheasmhacha inchomparáide beidh sé indéanta measúnú a dhéanamh ar an soláthar reatha seirbhísí, bearnaí i gclúdach cóireála a aithint, agus tuiscint níos fearr a fháil ar éagsúlacht réigiúnach i dtorthaí.

Go rithábhachtach, bhunaigh sé seo bonnlíne freisin ar féidir tionchar athchóirithe agus infheistíochta amach anseo a mhonatóiriú ina coinne.

Ghníomhaigh BTS go tapa chun a chinntiú go mbeadh ár gcórais faisnéise náisiúnta fós ábhartha do na hathchóirithe seo trí aschuir a ailíniú leis na réigiúin sláinte go luath, rud a thacaigh le cinnteoireacht eolasach de réir mar a díláraíodh freagrachtaí.

Pleanáil atá bunaithe ar fhianaise


Ar leibhéal oibríochtúil, is féidir le FSS an fhianaise a ghineann NHIS a úsáid ar an leibhéal náisiúnta agus trí struchtúir réigiúnacha atá ailínithe le Sláintecare chun tacú le pleanáil seirbhísí, spriocdhíríú acmhainní agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na sláinte cuimsitheachta agus tosaíochtaí laghdaithe dochair drugaí.

Léirítear an bonn fianaise seo i gcuid de na tosaíochtaí atá leagtha amach i mBuiséad 2026.

Cuidíonn sonraí a ghintear tríd ár gcórais faisnéise ó 2025 i leith le bearnaí riachtanais agus acmhainne a aithint a chuireann eolas ar fáil do chinntí infheistíochta.

I mBuiséad 2026, leithdháileadh €4 mhilliún i maoiniú breise neamhphá ar sheirbhísí sláinte drugaí agus cuimsitheachta, mar aon le maoiniú spriocdhíríthe ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Freagraíonn roinnt tosaíochtaí maoinithe go díreach do réimsí ina bhfuil sonraí NHIS lárnach cheana féin.



Líon na gcásanna a dtugadh cóireáil dóibh le haghaidh alcóil nó drugaí, de réir réigiún sláinte FSS, NDTRS, 2024

Tacaíonn sonraí ón gCóras Náisiúnta Tuiriscithe Cóireála Drugaí (NDTRS) agus ón gcóras náisiúnta mortlaíochta nimhithe drugaí le hanailís ar sholáthar cóireála opóidí agus treochtaí ródháileoige, ar cuid den bhonn fianaise iad a úsáidtear chun bearnaí i gcóireáil opóidí-agónaí a thuiscint.

Leagann sonraí réigiúnacha cóireála béim freisin ar éagsúlacht i rochtain agus glacadh, rud a thacaíonn le hinfheistíocht spriocdhírthe i ndaonraí faoi mhíbhuntáiste agus i réigiúin a bhfuil rátaí cóireála níos ísle acu.

Ar fud na réimsí seo go léir, soláthraíonn NHS BTS níos mó ná aschur sonraí. Trí fhaisnéis atá ailínithe go réigiúnach a sheachadadh go tapa ag BTS, tá réigiún sláinte seirbhísí á bpleanáil ar bhealach níos éifeachtaí, soláthar cóireála á thuiscint, treochtaí á rianú agus monatóireacht á déanamh ar thorthaí cinntí beartais agus maoinithe.



Cuspóir Straitéiseach 4

Timpeallacht rathúil taighde

Chun taighde sláinte luachmhar a chur ar fáil, caithfear timpeallacht chumasaithe a bheith ann, ó thaighdeoirí oilte agus rochtain ar bhonneagar, go beartais a thacaíonn le dea-chleachtas taighde agus a fheabhsaíonn é.

Tá príomhról ag BTS i dtimpeallacht láidir thacúil a thógáil don taighde sláinte in Éirinn, naisc a chothú idir an córas acadúil agus an córas cúraim sláinte sa phróiseas. I gcomhpháirtíocht le réimse leathan páirtithe leasmhara, oibrímid chun a chinntiú go soláthraítear go héifeachtúil maoiniú do thaighdeoirí agus do bhonneagar; go gcomhlíontar na caighdeáin is airde rialachais, cáilíochta agus eitice; agus go bhforbraítear agus go nglactar le cleachtais nuálacha in Éirinn.

Míreanna tábhachtacha a baineadh amach:

- Rinneamar athbhreithniú straitéiseach ar ár bpunann daoine agus scileanna ag baint úsáide as anailís ar shonraí inmheánacha, agus foghlaim shaibhir ó gheallsealbhóirí mar fhorlíonadh ar chur chuige amach anseo.
- Bunaithe ar an athbhreithniú straitéiseach, rinneamar modhnú ar dheiseanna do thaighdeoirí ag céim rithábhachtach ina ngairm trí dhá dheis maoinithe iardhochtúireachta a oscailt: na Comhaltachtaí Taighde i gCleachtas agus an Clár Comhaltachtaí Iardhochtúireachta Comhoibríocha. Méadóidh na deiseanna maoinithe seo an sruth saineolaithe agus ceannairí amach anseo i dtaighde sláinte agus cúraim shóisialta fheidhmeach in Éirinn.
- Glacadh páirt i ngrúpa tionscadail forfheidhmithe chun creat gairme acadúil cliniciúil comhaontaithe go náisiúnta a fhorbairt d'altraí agus do chnáimhseacha i gcomhréir le *Report of the Expert Review Body on Nursing and Midwifery* de chuid na Roinne Sláinte.
- Bronnadh 82 Scoláireacht Samhraidh do Mhic Léinn chun deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn fochéime taithí taighde a fháil go luath ina ngairm bheatha.
- Bronnadh trí Dhámhachtain Fulbright-BTS HealthImpact i gcomhar le Coimisiún Fulbright, rud a chuireann deiseanna taighde nó forbartha gairmiúla ar fáil d'iaratasóirí rathúla sna Stáit Aontaithe ar feadh tréimhse 3–6 mhí.



Buaiteoirí HealthImpact Fulbright-BTS 2025 (Clé go deas): An Dr Susanne O'Reilly, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann; An tOllamh Ronan Cahill, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; agus an Dr Lisa Kiely, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

- Glacadh páirt i dTascfhórsa nua Eolaíochta na hEorpa um Shlándáil Taighde chun oibriú le maoinitheoirí agus le lucht taighde eile d'fhonn dea-chleachtais maidir le slándáil taighde a mhapáil agus a chur chun cinn, dul i mbun idirphlé trí cheardlanna téamacha, agus teachtaireachtaí abhcóideachta agus gníomhartha le haghaidh slándáil taighde a bheachtú.
- Rinneadh athbhreithniú straitéiseach ar bhonneagair thrialacha cliniúla BTS, le léargais ó phríomhpháirtithe leasmhara agus ó phainéal saineolaithe idirnáisiúnta. Bhreithnigh an t-athbhreithniú conas is fearr is féidir le maoiniú BTS amach anseo timpeallacht a chumasú agus a chothabháil inar féidir cineálacha ábhartha agus nuálacha trialacha cliniúla a dhearadh agus a reáchtáil go héifeachtach, go héifeachtúil agus go trédhearcach, d'fhonn sochair a sholáthar do riachtanais sláinte poiblí reatha agus amach anseo.

- Glacadh ballraíocht sa Ghrúpa Náisiúnta Maoirseachta ar Thrialacha Cliniciúla a thionóil an tAire Sláinte chun maoirseacht a dhéanamh ar threochlár straitéiseach chun tírdhreach na dtrialacha cliniciúla in Éirinn a chlaohlú. Cuimsíonn an grúpa ionadaithe ó na hearnálacha acadúla agus ospidéal, pobal na dtrialacha, FSS, BTS, tionscal, agus grúpaí othar. Bhí an tuarascáil dheireanach *Transforming Ireland's Clinical Trials Landscape: A Blueprint for Implementation*, á seoladh ag an Aire Sláinte an 20 Samhain 2025.
- Glacadh páirt mar bhall den Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Ghalair Neamhchoitianta chun treoir agus comhairle a thabhairt don Roinn Sláinte maidir le forbairt na Straitéise Náisiúnta um Ghalair Neamhchoitianta 2025-2030, a sheol an tAire Sláinte i mí Lúnasa 2025. Leagtar amach sa Straitéis fíis chun feabhas a chur ar shaol na ndaoine, a mheastar 300,000 a bheith ann, a bhfuil galair neamhchoitianta orthu in Éirinn. Leagtar amach ann creat cuimsitheach atá deartha chun feabhas a chur ar dhiagnóis, cóireáil agus tacaíocht do dhaoine atá ina gcónaí le galair neamhchoitianta, agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar cháilíocht na beatha, rochtain chothrom ar chúram sláinte a chur chun cinn, agus nuálaíocht a chothú i dtaighde agus i gcóireáil galair neamhchoitianta.
- Leanúint den rannpháirtíocht leis an Líonra Bonneagair Taighde Cliniciúil Eorpach (ECRIN) i ról Comhfhreagraí Eorpach chun tacú le rannpháirtíocht na hÉireann i dtrialacha uile-Eorpacha.

Sholáthair An Oifig Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde an méid a leanas:

- Tugadh tacaíocht do 92 ball den Choiste Náisiúnta Eitice Taighde (NREC) chun athbhreithniú a dhéanamh ar 490 iarratas eitice san iomlán le linn 54 cruinniú, agus cloíodh le gach spriocdháta reachtúil AE, lena n-áirítear na spriocdhátaí a cheanglaítear laistigh den Chóras Faisnéise um Thrialacha Cliniciúla.
- Athbhunaíodh ballraíocht an NREC le hathcheapadh 18 ball don dara téarma. Ceapadh ochtar ball nua, agus moladh 14 eile a cheapadh in 2026, agus tugann siad leo raon leathan saineolais i PPI, dlí, cleachtas ginearálta, oinceolaíocht, staitisticí agus dearadh trialacha.
- Forbraíodh treoirlínte dea-chleachtais do bhaill, taighdeoirí agus urraitheoirí NREC ar thopaicí amhail taighde eiticiúil agus oibrithe deonacha sláintiúla chun cáilíocht agus comhsheasmhacht a chinntiú i gcóras náisiúnta eitic taighde na hÉireann.
- Forbraíodh beartais rialachais lárnacha maidir le hachomhairc, gearáin, agus Beartas Fógra Sábháilteachta Trialacha Cliniciúla i gcomhar le cathaoirligh agus leas-chathaoirligh an NREC chun soiléireacht oibríochtúil agus comhlíonadh a neartú.
- Tacaíodh le tionscnamh Hipirchúraim Institiúid na dTrialacha Cliniciúla in Ollscoil na Gaillimhe, ag triail próiseas sruthlínithe agus luathaithe chun trialacha cliniciúla a thosú.

- Chomhoibrigh mé le Rúnaíocht an Choiste um Dhearbhuí Toilithe Taighde Sláinte i réimsí na heitice, an toiliú agus na cosanta sonraí, agus i bhforbairt leanúnach córais bainistíochta iarratas.
- Rinneadh cur i láthair ag imeachtaí náisiúnta agus ag cláir iarchéime institiúidí ardoideachais ar obair na NRECanna agus ar na dea-chleachtais eiteiciúla le haghaidh taighde rialáilte. I measc na n-imeachtaí bhí Lá Faisnéise um Thrialacha Cliniciúla an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte (HPRA), Siompóisiam Earraigh Dámh na Paiteolaíochta i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann, modúl eolaíochta beatha 'Tógáil Fiontair' 2025 arna óstáil ag Fiontraíocht Éireann, agus Lá na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí de chuid Chumann na mBithcheimiceoirí Cliniciúla in Éirinn, agus comhdháil 'Rochtain a chumasú ar úsáid, athúsáid agus comhroinnt sonraí sláinte le haghaidh taighde in Éirinn'.
- Glacadh páirt i ngrúpaí náisiúnta lena gheallsealbhóirí chun comhordú a dhéanamh ar ábhair thábhachtacha amhail eitic, rialachas taighde, toiliú, radaíocht ianúcháin, agus taighde sláinte, ag obair i dtreo sprioc choiteann maidir le timpeallacht náisiúnta taighde sláinte a chur chun cinn.
- Rinneadh comhoibriú leis an HPRA ar Chomhghníomh EU4Health, IncreaseNET, chun acmhainní oideolaíocha nuálacha a tháirgeadh chun inniúlachtaí i measúnú cliniciúil agus eiteiciúil taighde rialáilte ar fud an AE a neartú agus a chomhchuíbhíú.
- Reáchtáladh cúig sheisiún cainteoirí saineolaithe 'Lón agus Foghlaim' do na NRECanna agus don phobal eitic taighde níos leithne. Clúdaíodh réimse leathan topaicí sna seisiúin, ó chearta an duine agus meabhairshláinte go cuimsiú eiteiciúil i dtaighde géanómaíochta agus praiticiúlachtaí a bhaineann le tosú ar thaighde cliniciúil.



Cás-Staidéar 7

Ag tacú le Straitéis na hÉireann maidir le Galair Neamhchoitianta trí thaighde agus comhpháirtíocht

Sa bhliain 2025, chuir BTS le neartú éiceachóras taighde galair neamhchoitianta na hÉireann trí ghníomhaíocht taighde leathnaithe a dhéanamh ar thrialacha cliniúla agus ar ghníomhaíocht taighde atá dírithe ar an othar i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta nua um Ghalair Neamhchoitianta.

Bhí BTS páirteach i bpointe tábhachtach comhdhlúthaithe agus seachadta i gcás taighde agus nuálaíochta ar ghalair neamhchoitianta in 2025 le foilsiú *Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir le Galair Neamhchoitianta 2025–2030*.

Cuireann an straitéis taighde, sonraí agus comhoibriú idirnáisiúnta i gcroílár an dul chun cinn, agus aitheantas á thabhairt go mbíonn tionchar acu ar thart ar 300,000 duine in Éirinn le chéile, cé gur neamhchoitianta galair neamhchoitianta ina n-aonar.

Tá BTS páirteach go dlúth i múnú agus i dtacaíocht a thabhairt don treo seo, ag cinntiú go bhfuil acmhainn taighde, rannpháirtíocht othar agus nascacht idirnáisiúnta leabaithe i bhfreagairt náisiúnta na hÉireann.

Craobh taighde thiomsaithe

Gné shainiúil den straitéis is ea an chraobh taighde atá tiomnaithe di, rud a léiríonn béim fhadtéarmach BTS ar fhianaise, ar nuálaíocht agus ar chomhoibriú.

Tá dúshlán ar leith ag baint le taighde ar ghalair neamhchoitianta: Is minic a bhíonn líon na n-othar maidir le riochtaí aonair an-bheag, bíonn na conairí diagnóiseacha casta, agus bíonn an saineolas scaipthe.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin, éilítear infheistíocht chomhordaithe i mbonneagar taighde agus comhpháirtíochtaí láidre a shíneann thar theorainneacha náisiúnta. I rith 2025, lean obair BTS de bheith ag teacht go dlúth leis na tosaíochtaí seo.

Díríonn Líonra Trialacha Cliniciúla Galar Neamhchoitianta (RDCTN), atá maoinithe ag BTS, ar ghníomhaíocht trialacha cliniciúla galar neamhchoitianta a mhéadú in Éirinn, ag obair le hothair, taighdeoirí agus an tionscal.

RDCat

Lárnach don iarracht seo tá an Cuibhreannas Catalaíoch Taighde um Ghalair Neamhchoitianta (RDCat), atá maoinithe ag BTS, atá lonnaithe i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Tugann RDCat gairmithe cúram sláinte, taighdeoirí agus othair in Éirinn le chéile chun oibriú le chéile i dtrí ollscoil – Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) agus RCSI – agus na cúig shuíomh ospidéal de chuid an Líonra Tagartha Eorpach (ERN) is mó le rá in Éirinn, ag comhoibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun taighde ar ghalair neamhchoitianta a chur chun cinn.

Go rithábachtach, bíonn daoine a bhfuil galar neamhchoitianta orthu páirteach, ag cur a dtaithí saoil leis agus ag cuidiú le réimsí tosaíochta taighde a shainnithint le haghaidh feabhsúcháin.

Léiríonn sé sin tiomantas na straitéise othair a chur i gcroílár na taighde ar ghalair neamhchoitianta agus i ndearadh seirbhísí cliniciúla.

Nearthaigh RDCat rannpháirtíocht othar trí Ghrúpa Comhairleach Othair Éireannach nua um Ghalair Neamhchoitianta a bhunú a chuireann go díreach leis na ERNanna, leis an taighde, le habhcóideacht maidir le polasaí agus le haistriú faisnéise cliniciúla casta do lucht féachana neamh-speisialaithe.

Scrúdaíodh taithí an othair

Chomh maith leis sin, éascaigh an cuibhreannas uirlis nua a fhorbairt a scrúdaíonn taithí an othair chun réimsí feabhsúcháin sa chúram a aird a tharraingt.

Is daoine a bhfuil galair neamhchoitianta orthu a dhear agus a bhailíochtaigh in Éirinn í, agus trí chomhoibriú le Galair Neamhchoitianta na hEorpa (EURORDIS) úsáidfear an uirlis ar fud an AE anois.

Cuireann RDCat deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil do chliniceoirí agus do thaighdeoirí amach anseo atá ag cur lenár n-acmhainn taighde ar ghalair neamhchoitianta.

Tá Éire ina ball de 18 ERN, a nascann saineolaithe trasna teorainneacha agus a thacaíonn le clárlanna comhroinnte do ghalair neamhchoitianta.



Clé go deas: Gavin Lawler, Bainisteoir Cláir BTS; An tOllamh Amy Jane McKnight, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus Comhcheannasaí le Líonra Taighde Idirhisciplínigh Uile-Éireann ar Ghalair Neamhchoitianta (RAIN); An tOllamh Suja Somanadhan, UCD agus Comhcheannasaí le RAIN; An tOllamh Susa Benseler, Sláinte Leanai Éireann (CHI); An tOllamh Atif Awan, Ceannasaí Cliniciúil, Oifig Náisiúnta um Ghalair Neamhchoitianta BTS; agus an Dr Catherine Quinlan, CHI, ag freastail ar Chomhdháil RAIN na hÉireann, a ndearna Scéim Comhdhála agus Imeachta BTS urraíocht dí.

Is cuid lárnach d'obair RDCat rannpháirtíocht na hÉireann in iarrachtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear na ERNanna, a chumasú agus a fheabhsú.

Mar chuid dár gcuid oibre leis na ERNanna, cláraíonn cúigear comhordaitheoirí taighde ó RDCat, atá maoinithe ag BTS, othair ar chlár ERN, rud a chinntíonn go bhfuil daoine a bhfuil galar neamhchoitianta orthu in Éirinn le feiceáil agus gur féidir iad a aithint le haghaidh tionscnaimh taighde idirnáisiúnta, lena n-áirítear trialacha cliniciúla.

Chomh maith leis sin, chuir RDCat ar chumas taighdeoirí in Éirinn dul i mbun iarrachtaí chun diagnóis a fheabhsú do dhaoine a bhfuil galar neamhchoitianta orthu.

Sa bhliain 2025, thug staidéar píolótach a bhain le tástáil ghéanómach fheabhsaithe do 30 othar a raibh galar duáin neamhchoitianta orthu nár diagnósíodh roimhe seo diagnóisí do 7 rannpháirtí.

Chomh maith leis sin, chuir RDCat sonraí géiniteacha d'othair nár diagnósíodh chuig an gComhghuaillíocht Eorpach um Thaighde ar Ghalair Neamhchoitianta (ERDERA).

Tá thart ar 189 cás de ghalair ainsealach duáin agus 10 gcás titimeas de chúis anaithnid curtha isteach cheana féin.

Cuireann an tionscnamh seo rochtain ar shaineolas idirnáisiúnta agus an poitéinseal ar fáil le haghaidh tuilleadh diagnóisí.

Mar chomhlánú ar an obair seo, díríonn Líonra Trialacha Cliniciúla Galar Neamhchoitianta (RDCTN), atá maoinithe ag BTS, ar ghníomhaíocht trialacha cliniciúla galar neamhchoitianta a mhéadú in Éirinn, ag obair le hothair, taighdeoirí agus an tionscal.

Le chéile, léiríonn na gníomhaíochtaí seo an chaoi a bhfuil infheistíocht BTS i dtaighde, i mbonneagar, i gcomhpháirtíocht othar agus i gcomhar idirnáisiúnta ag cuidiú le huailmhianta Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir le Galair Neamhchoitianta a chur i bhfeidhm.

Dámhachtain Tionchair BTS as rannchuidiú le cleachtas ginearálta trí fhianaise agus nuálaíocht

Bronnadh Dámhachtain Tionchair 2025 BTS ar an Ollamh Andrew Murphy, mar aitheantas ar a ranníocaíocht shaoil chun cleachtas ginearálta agus bainistíocht galar ainsealach (CDM) in Éirinn a chur chun cinn trí thaighde atá bunaithe ar fhianaise.

.....

Tá 25 bliain caite ag an Ollamh Andrew Murphy, Lia-Chleachtóir Teaghlaigh ar an dTuarlach Mór i gCo. na Gaillimhe agus Ollamh le Cleachtadh Ginearálta in Ollscoil na Gaillimhe, ag neartú chóras cúraim phríomhúil na hÉireann trí thaighde dian atá ábhartha do bheartas.

Tharla a ghairm bheatha ag an am céanna le tréimhse d'éabhlóide domhain i gcleachtas ginearálta na hÉireann, agus chabhraigh sí le múnú na tréimhse sin, tréimhse inar aistríodh ó chúram páipéirbhunaithe, imoibríoch den chuid is mó go timpeallachtaí cleachtais nua-aimseartha, ildisciplíneacha, cumasaithe ag sonraí a leagann béim ar chúram struchtúrtha agus coiscitheach.

Nuair a cháiligh an tOllamh Murphy mar dhochtúir ginearálta (DG) sa bhliain 1992, bhí 60% de na cleachtais ag obair leo féin, ag obair den chuid is mó ó áitreabh athchóirithe gan aon altraí cleachtais agus bunaithe ar pháipéar go hiomlán.

Chuir siad cúram imoibríoch den chuid is mó ar fáil, agus na hothair ag cinneadh cathain agus cén fáth a dtabharfadh siad cuairt.

Claochlaíodh seirbhísí DG

Tá céimithe DG an lae inniu ag dul isteach i speisialtacht a sholáthraíonn leibhéal suntasach de chúram coiscitheach agus struchtúrtha, de ghnáth ó chleachtais ghrúpa ildisciplíneacha in áitreabh atá tógtha chun na críche sin le córais ríomhaireachta shofaisticiúla.

Bhí obair an Ollaimh Murphy ríthábhachtach sa chlaochlú seo, go háirithe feabhas a chur ar Chóireáil Athchóiritheach (CDM) i gcúram príomhúil.

Ós rud é go mbaineann formhór na gcomhairliúchán le DGanna agus laethanta leapa ospidéal le riochtaí ainsealacha, d'aithin sé go luath an cumas a bhí ag an gcleachtas ginearálta cúram ardchaighdeán agus cost-éifeachtach a sholáthar.

Thar 25 bliain, rinne a thaighde tástáil, scagadh agus léiriú córasach ar an gcaoi a bhféadfaí cur chuige áitiúla i leith CDM a chur i bhfeidhm go náisiúnta.

Cloch mhíle chinntitheach ab ea Dámhachtain Deontais Chlár BTS in 2002, agus tharla Triail Rialaithe Randamaithe SPHeRE uile-oileáin dá bharr.



An tOllamh Andrew Murphy, Ollscoil na Gaillimhe

Ba é, ag an am, an staidéar cleachtais ghinearálta is mó a rinneadh riamh in Éirinn. Léirigh sé gur laghdaigh cosc tánaisteach struchtúrtha faoi stiúir DGanna d'othair chairdiach líon na ndaoine a cuireadh san ospidéal ó 34% go 26% thar 18 mí.

Neartaíodh na torthaí seo níos déanaí le hathbhreithniú córasach a chinn gur féidir le cosc cairdiach tánaisteach sa chúram príomhúil an saol a fhadú sé bliana ar a laghad.

Chuir an fhianaise seo eolas ar fáil do fhorbairt chlár náisiúnta CDM na hÉireann a tugadh isteach in 2020.

Saineolas ildisciplíneach

Tá béim leanúnach curtha ag taighde an Ollaimh Murphy ar chomhoibriú, ag tarraingt ar shaineolas ildisciplíneach a chuimsíonn eolaíocht iompraíochta, eacnamaíocht sláinte, trialacha cliniciúla, eipidéimeolaíocht, agus eolaíocht chur i bhfeidhm.

Chomh maith leis sin, bhí sé ina thacadóir láidir le PPI tar éis d'aiseolas ó othair i dtrial machnamh níos doimhne a spreagadh maidir le bearta toraidh a ailíniú le tosaíochtaí saoil. Ó shin i leith, tá sé comhtháite go comhsheasmhach ina chuid taighde.

Ról náisiúnta agus idirnáisiúnta

Thar an méid atá déanta aige go hacadúil, bhí tionchar díreach ag an Ollamh Murphy ar bheartas cúram sláinte na hÉireann.

Chuir a chuid oibre eolas ar fáil do bhunú Heartwatch sa bhliain 2003, an chéad chlár CDM in Éirinn maidir le galar croí a bhí inrochtana go huilíoch. Chuir sé le beartais amhail teiripe athsholáthair nicitín saor in aisce do shealbhóirí Cárta Leighis freisin.

Go hidirnáisiúnta, tá aitheantas tugtha dá shaineolas trí ról chomhairleacha do chomhlachtaí rialtais sa Ghearmáin agus san Iorua.

Ag scríobh do bhlag ar shuíomh BTS, arsa an tOllamh Murphy: “Bhí maoiniú an Bhoird Taighde Sláinte rithábhachtach chun tírdhreach de chleachtadh ginearálta in Éirinn a athrú, rud a d’éascaigh forbairt samhlacha cúraim níos forbartha agus níos dírithe ar an bpobal.

“Is féidir liom é seo a rá go muiníneach, nuair a chuirtear na deiseanna iomadúla a thug sé dom san áireamh chun comhoibriú ar tháirgeadh cur chuige bunaithe ar fhianaise chun inrochtaineacht agus cáilíocht an chúraim phríomhúil a fheabhsú, rud atá anois mar bhonn agus taca ag an mbeartas náisiúnta cúraim sláinte.”

Maidir le Dámhachtain Tionchair BTS

IRB **IMPACT**
I **AWARD 2025**

- Le Dámhachtain Tionchair BTS, aithnítear buaiteoirí BTS reatha nó roimhe seo a thug rannchuidiú suntasach thar thionchar acadúil.
- Bronntar an dámhachtain, ar fiú €50,000 í, don institiúid óstach ceadaithe ag BTS a roghnaíonn an faighteoir chun tacú le tuilleadh taighde. Bronntar í gach dara bliain, tar éis próisis atá bunaithe ar ainmniúchán agus moltóireacht ag painéal idirnáisiúnta.

Cuspóir Straitéiseach 5

Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta táirgiúla

Idir paindéimeacha agus athrú aeráide, is dúshlán dhomhanda iad go leor de na dúshlán sláinte is mó atá romhainn agus is trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht idirnáisiúnta amháin is féidir aghaidh a thabhairt orthu.

Chun dul i ngleic leis na dúshlán sin, táimid tiomanta don chomhordú Eorpach agus idirnáisiúnta, agus do chomhoibriú agus rannpháirtíocht i dtaighde sláinte a chothú agus a fheabhsú. Tacaímid le pobal taighde na hÉireann dul san iomaíocht le haghaidh mhaoiniú AE agus idirnáisiúnta, agus oibrímid le lucht ceaptha beartais agus páirtithe leasmhara eile chun deiseanna a aimsiú chun tabhairt faoi thionscnaimh ar féidir leo cuspóirí sláinte agus cuspóirí rialtais níos leithne a chur chun cinn.

Míreanna tábhachtacha a baineadh amach:

- Bronnadh deontas €3.2 milliún faoin gComhpháirtíocht idir SAM agus Éirinn, ag tacú le taighde le comhpháirtithe i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sna Stáit Aontaithe. Tá an deontas seo comhmaoinithe ag na hInstitiúidí Náisiúnta Sláinte (NIH), Taighde agus Forbairt Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (T&F HSC) Thuaisceart Éireann, Taighde Éireann, agus BTS, agus €450,000 á chur ar fáil ag BTS.

- Glacadh páirt i bhforbairt an tríú heagrán de Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach ([iNAP3](#); 2026–2030). Tá BTS tiomanta do ghníomhartha uaillmhianacha faoi Chuspóir Straitéiseach 5, a bhfuil sé mar aidhm aige an t-éiceachóras taighde agus nuálaíochta a neartú chun tacú le hidirghabhálacha frithsheasmhachta in aghaidh ábhar frithmhiocróbach (AMR) atá bunaithe ar fhianaise.
- Fuarthas suas le €4 mhilliún i maoiniú ó chlár taighde agus nuálaíochta an AE, Fís Eorpach 2021–2027, trí rannpháirtíocht i dtrí Chomhpháirtíocht Eorpacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhomhanda sláinte. Áiríodh leo Comhpháirtíocht AE maidir le One Health AMR, Brain Health, and Be Ready Now.
- Bronnadh naoi ndeontas faoi chomhghlaonna trasnáisiúnta a seoladh in 2024–2025, le luach iomlán beagán os cionn €4 mhilliún. Tá ceithre cinn de na deontais seo comhmaoinithe ag an gCoimisiún Eorpach faoi na Comhpháirtíochtaí Eorpacha, rud a chuireann beagnach €450,000 leis. Tacaíonn na deontais le comhoibriú taighdeoirí Éireannacha le taighdeoirí san Eoraip agus níos faide i gcéin chun aghaidh a thabhairt ar phríomhréimsí taighde mar seo a leanas:
 - Maoiníodh dhá dhámhachtain i gcomhar le comhpháirtithe ó Éirinn faoin nGlao Comhpháirtíochta um Chlaochlú Córas Sláinte agus Cúraim (THCS) de chuid an AE, ‘Better care closer to home: Enhancing primary and community care’.

- Maoiníodh trí dhámhachtain faoin nGlao um Thaighde ar Ghalair Néaraimheathlúcháin (JPND), ‘Health and social care research with a focus on the moderate and late stages of neurodegenerative diseases’.
- Maoiníodh dhá dhámhachtain faoin nGlao ó Lónra Maoinithe Eorpach do Thaighde sa Néareolaíocht (NEURON), ‘Interdisciplinary approaches to the neuroscience of pain’.
- Maoiníodh dhá dhámhachtain faoin nGlao Comhpháirtíochta ERDERA, ‘Pre-clinical therapy studies for rare diseases using small molecules and biologicals – development and validation’.
- Thacaigh Pointe Teagmhála Náisiúnta (NCP) Fís Eorpach de chuid BTS le rannpháirtíocht taighdeoirí Éireannacha i 18 nglao aonair ó Chlár Oibre 2025 trí thrí Lá Eolais, cruinnithe in ollscoileanna éagsúla, cruinnithe duine le duine le níos mó ná 50 taighdeoir, seimineár gréasáin ar Mhisean Ailse, cur chun cinn imeachtaí arna n-eagrú ag an gCoimisiún Eorpach, agus feachtas leanúnach ar na meáin shóisialta.
- Chomhoibríodh le Ballstáit eile den AE tríd ár NCP chun trí imeacht bróicéireachta tiomnaithe a sheachadadh: imeacht bróicéireachta oifigiúil leis an gCoimisiún Eorpach; comhimeacht le Ceanada, an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe; agus imeacht Thuaiscirt-Deiscirt.



An Dr Amanda Daly, Bainisteoir Cláir agus Pointe Fócasach Náisiúnta le haghaidh EU4Health

- Rinne ár dToscaire Náisiúnta Sláinte ó Fís Eorpach ionadaíocht ar BTS agus ar leasanna náisiúnta níos leithne agus ar thosaíochtaí straitéiseacha i sé chruinniú de chuid Choiste an Chláir Sláinte, i ndá cheardlann neamhfhoirmiúla, agus i Lá Comhpháirtíochta Sláinte AE atá tiomnaithe dó. D'oibrigh ár dtoscaire náisiúnta leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile den AE freisin chun leagan deiridh Chlár Oibre Fís Eorpach (2026–2027) a chomhchruthú, a foilsíodh i mí na Nollag 2025.
- Coinníodh feidhmíocht láidir na hÉireann i Fís Eorpach, ag baint amach €100 milliún i dtarraingt siar ar thaighde sláinte in 2025. Léiríonn torthaí tosaigh ó 2025 seacht dtionscadal AE rathúla go dtí seo agus 24 tionscadal ag dul ar aghaidh go Céim 2 de ghlaonna dhá chéim. Tugadh rannchuidiú suntasach leis an €1 billiún daingnithe go náisiúnta ar Ghréasán Náisiúnta Tacaíochta na hÉireann.
- Seoladh Grúpa Náisiúnta Scáthán na hÉireann (NMG) chun eolas a thabhairt do Chomhpháirtíocht THCS. Cuirfidh na grúpaí taighde um Chórais agus Beartas Seirbhísí Sláinte (HSSP) eolas níos leithne ar fáil do ghníomhaíochtaí BTS i HSSP freisin.
- Maoiníodh trí dheontas faoin nGlaó Píolótach ar Staidéir Chliniciúla arna dTionscnamh ag Imscrúdaitheoirí de chuid ERA4Health, 'EffecTrial: Fostering Pragmatic Comparative-Effectiveness Trials in Non-communicable Diseases'. Ba é aidhm an ghlaó tacú le Staidéir Chliniciúla ilnáisiúnta arna dtionscnamh ag Imscrúdaitheoirí (IICS) randamaithe, idirghabhálacha agus pragmatacha, a bhfuil éifeacht chomparáideach leo, agus comhoibriú trasnáisiúnta a spreagadh agus a chumasú.
- Glacadh páirt sa Chomhoibriú Bonneagair um Shintéis Fianaise (ESIC), inar maoiníodh an BTS €107 milliún (126 milliún i ndollar na Stát Aontaithe) in infheistíochtaí nua chun cumhacht a thabhairt do shintéis fianaise atá cumasaithe ag IS le haghaidh forbartha inbhuanaithe, mar a fógraíodh ag Fóram Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2025. Leanfaidh BTS de bheith ag obair le ESIC tríd an ngrúpa leasmhara maoinitheoirí (FIG).

Rinne An Oifig Náisiúnta um Choistí Eitice Taighde an méid a leanas:

- Leathnaíodh a rannpháirtíocht ghníomhach i ngrúpaí saineolaithe tábhachtacha an AE, lena n-áirítear MedEthicsEU, clár COMBINE, Grúpa Comhordúcháin Feistí Leighis, EU-X-CT le haghaidh trialacha trasteorann, agus Luasghéarú Trialacha Cliniciúla san AE (ACT EU). Chomhbhunaíomar foghrúpa MedEthicsEU maidir le feistí leighis agus diagnóisic lenár gcomhghleacaithe sa Danmhairg freisin.
- Cuireadh suirbhé cuimsitheach, arna choimisiúnú ag an gCoimisiún Eorpach, i gcrích ar an Rialachán maidir le Trialacha Cliniciúla (CTR) chun eolas a thabhairt do leasuithe amach anseo ar an CTR tríd an Acht Biteicneolaíochta a foilsíodh le déanaí, ag tacú le hathruithe atá dírithe ar éifeachtúlacht agus ag an am céanna ag cur béime ar an ngá atá le sláine an athbhreithnithe eitice a chaomhnú.
- Tugadh gealltanais páirt a ghlacadh sa tionscnamh píolótach FAST-EU (Trialacha Cliniciúla Straitéiseacha a Éascú agus a Luasghéarú) i gcomhar leis an HPRA, ar tionscadal píolótach é chun dlús a chur le measúnú agus údarú comhordaithe trialacha cliniciúla a reáchtáiltear i dtíortha éagsúla san AE/sa Limistéar Eacnamaíoch Eorpach.
- Comhoibríodh leis an Líonra Eorpach um Choistí Eitice Taighde (EUREC) ar fhoilsiú a pháipéir sheasaimh dar teideal ‘Vulnerability and responsible inclusion in health research’, rud a chuir béim ar an dea-chleachtas eiticiúil, ar rialáil, agus ar phrionsabail Dhearbhú Heilsincí (prionsabail eiticiúla le haghaidh taighde leighis lena n-áirítear rannpháirtithe daonna).



Cás-Staidéar 9

Acmhainn sintéise fianaise a neartú trí infheistíocht dhomhanda agus náisiúnta

Tá BTS ag nascadh clár €6 mhilliún ar oileán na hÉireann le hiarrachtaí domhanda chun fianaise atá cumasaithe ag hintleacht shaorga a chur chun cinn do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Léiríodh tacaíocht BTS do ghiniúint agus d'úsáid fianaise ardchaighdeán chun beartas agus cleachtas sláinte a threorú in dhá fhorbairt chomhlántacha: rannpháirtíocht i dtionscnamh idirnáisiúnta atá ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe agus infheistíocht nua €6 mhilliún chun acmhainn sintéise fianaise a thógáil ar oileán na hÉireann.

Ag Fóram SDGanna na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2025, fógraíodh clár domhanda de €107 milliún i maoiniú nua chun tacú le sintéis fianaise atá cumasaithe ag hintleacht shaorga le haghaidh forbartha inbhuanaithe.

ESIC

Tá BTS i measc na maoinitheoirí a thacaíonn leis an tionscnamh seo tríd an ESIC, i dteannta eagraíochtaí ar nós an Wellcome Trust, Taighde agus Nuálaíocht na Ríochta Aontaithe, Fondúireacht Jacobs, agus Institiúid Náisiúnta Taighde Sláinte agus Cúraim (NIHR) na Ríochta Aontaithe.

Leagadh amach i dTreochlár ESIC agus i gCairt Chomhaontaithe Cape Town, a seoladh ag an bhFóram, cur chuige comhordaithe chun feabhas a chur ar an gcaoi a n-aithnítear, a sintéisítear agus a gcuirtear in iúl do lucht cinnteoireachta fianaise taighde.

Tá an tionscnamh ailínithe go sainráite leis na SDGanna, agus aitheantas á thabhairt go mbraitheann dul chun cinn ar spriocanna amhail dea-shláinte agus folláine (SDG 3), neamhionannais laghdaithe (SDG 10), agus síocháin, ceartas agus institiúidí láidre (SDG 16) ar rochtain thráthúil ar fhianaise iontaofa ábhartha.

I dtimpeallachtaí casta beartais, go háirithe iad siúd a bhaineann le córais sláinte, cúram sóisialta, agus sláinte daonra, is féidir le moilleanna nó bearnaí i sintéis fianaise dochar a dhéanamh do chinnteoireacht éifeachtach.

Tugann cineálacha cur chuige atá cumasaithe ag hintleacht shaorga deiseanna chun sintéis fianaise a luathú, rud a chuireann ar chumas athbhreithnithe a nuashonrú níos tapúla, feabhas a chur ar shainaithint staidéar ábhartha, agus láimhseáil níos éifeachtaí de bhoinn fianaise mhóra agus chasta.

Táimid ag maireachtáil i ré nach féidir le foilseacháin agus léirmheasanna statach coinneáil suas le riachtanais na gcinnteoirí. Tugann sintéis fianaise atá cumasaithe ag hintleacht shaorga acmhainneacht chlaohlaitheach chun taighde agus fianaise a aistriú go tapa ina léargais inghníomhaithe atá oiriúnaithe do chomhthéacsanna áitiúla.

An Dr Teresa Maguire,
Stiúrthóir BTS ar Straitéis agus Maoiniú Taighde

Comhtháthú daonna le IS

Mar sin féin, leagann samhail ESIC béim ar an ngá atá le saineolas daonna a chomhtháthú le huirlisí hintleachta saorga chun déine mhodheolaíoch, trédhearcacht agus léirmhíniú cuí a chinntiú agus aghaidh á thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le claontacht nó le hionadaíocht mhíchothrom sonraí.

Trí rannpháirtíocht i ngrúpa leasmhara maoinitheoirí ESIC, cuireann BTS le comhordú idirnáisiúnta a mhúnlú sa réimse sin agus lena chinntiú go bhfuil infheistíochtaí ailínithe le caighdeáin agus prionsabail chomhaontaithe.

Dúirt an Dr Teresa Maguire, Stiúrthóir Straitéise Taighde agus Maoinithe BTS, a d'fhreastail ar an bhFóram i Nua-Eabhrac, an méid seo, "Táimid ag maireachtáil i ré nach féidir le foilseacháin agus léirmheasanna gan athrú coinneáil suas le riachtanais an lucht cinnteoireachta. Tugann sintéis fianaise atá cumasaithe ag hintleacht shaorga acmhainneacht chlaohlaitheach chun taighde agus fianaise a aistriú go tapa ina léargais inghníomhaithe atá oiriúnaithe do chomhthéacsanna áitiúla."

€6 mhilliún le haghaidh sintéis fianaise

Tá an rannpháirtíocht dhomhanda sin nasctha go dlúth le dámhachtain nua BTS ar luach €6 mhilliún é, Dámhachtain um Fhorbairt Acmhainne le haghaidh Sintéise Fianaise, a thosaigh á rolladh amach go déanach in 2025, rud a neartaíonn ranníocaíocht na hÉireann maidir le giniúint agus úsáid fianaise idirnáisiúnta.

As sin, cuirfidh BTS €4.5 milliún ar fáil do Evidence Synthesis Ireland (ESI), agus €1.5 milliún breise á chomh-mhaoiniú ag T&F HSC Thuaisceart Éireann, rud a neartóidh an comhoibriú seanbhunaithe idir an Tuaisceart agus an Deisceart.

Feabhsóidh an clár cúig bliana an acmhainn náisiúnta trí mhodheolaíochtaí sintéise fianaise a chomhdhlúthú, dúbláil a laghdú, agus comhordú a fheabhsú i measc grúpaí taighde.



Comhpháirtithe ESIC, lena n-áirítear ionadaithe ó oifigí Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe, Cochrane, Campbell, NIHR, Wellcome Trust, Comhairle um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta, BTS, Jacobs Foundation, agus rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hAfraice Theas, le feiceáil ag Fóram SDG na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac.

Tacóidh sé le hoiliúint agus oideachas do thaighdeoirí, do lucht ceaptha beartas agus do chleachtóirí, rud a chuirfidh ar a gcumas sintéisí fianaise a thuiscint níos fearr, a choimisiúnú agus a chur i bhfeidhm i gcinnteoireacht sláinte agus cúraim shóisialta.

Áirítear leis an gclár freisin forbairt agus tástáil modhanna nuálacha, lena n-áirítear comhtháthú freagrach uirlisí hintleachta saorga, chun tráthúlacht agus éifeachtúlacht tháirgeadh fianaise a fheabhsú.

Le tacaíocht bhreise institiúideach, lena n-áirítear infheistíocht ó Ollscoil na Gaillimhe i bpoist acadúla agus i dtaighdeoirí iarchéime, neartófar an acmhainn sin tuilleadh san fhadtéarma.

Trí bhonneagar sintéise fianaise na hÉireann a neartú, tacaíonn an clár le cinnteoireacht níos éifeachtaí maidir leis an gcóras sláinte agus cinntíonn sé go bhfuil an acmhainn náisiúnta ailínithe le caighdeáin idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear iad siúd a chuirtear chun cinn trí ESIC.

Le chéile, léiríonn na hinfheistíochtaí náisiúnta agus domhanda sin cur chuige comhleanúnach ag BTS, rud a chinntíonn go bhfuil forbairt acmhainne sa bhaile ag cur le hiarrachtaí domhanda.



Cás-Staidéar 10

Ag tacú le rathúlacht na hÉireann i maoiniú €100 milliún le haghaidh taighde sláinte a fháil ó Fís Eorpach

Áirítear ar fheidhmíocht láidir na hÉireann faoi Fís Eorpach beagnach €100 milliún le haghaidh taighde a bhaineann le sláinte.

.....

D'éirigh go maith le hÉirinn faoi Fís Eorpach, clár suaitheanta an AE le haghaidh taighde agus nuálaíochta, agus an maoiniú de níos mó ná €1 billiún faighte aici óna sheoladh in 2021.

Bronnadh beagnach €100 milliún den iomlán sin ar thaighde agus nuálaíocht a bhaineann leis an tsláinte, rud a léiríonn neart agus fairsinge éiceachóras taighde na hÉireann ar fud earnálacha éagsúla.

Ar an mbóthar ceart i dtreo €1.5 billiún

Tá Éire ar an mbóthar ceart chun a sprioc náisiúnta faoi Fís Eorpach (2021–2027) a shárú, is é sin €1.5 billiún a fháil, arb ionann é agus 1.6% de bhuiséad €95.5 billiún an chláir.

Léiríonn figiúirí a foilsíodh i mí na Nollag 2025 go bhfuil €1.05 billiún i maoiniú faighte ag Éirinn cheana féin, arb ionann é agus 2.1% den iomlán a bronnadh go dtí seo. Tá 1,598 comhaontú deontais sínithe ag thart ar 552 eagraíocht Éireannach, agus tá maoiniú á fháil ag ceann amháin as gach cúig thogra incháilithe.

Tá ról lárnach ag BTS maidir le tacú le rannpháirtíocht na hÉireann i nglanna a bhaineann leis an tsláinte faoi Fís Eorpach.

Mar chuid de Líonra Tacaíochta Náisiúnta na hÉireann do Fís Eorpach, agus i ndlúthchomhar le Fiontraíocht Éireann agus le geallsealbhóirí eile, tacaíonn BTS le taighdeoirí agus le heagraíochtaí atá lonnaithe in Éirinn chun páirt a ghlacadh go héifeachtach sna deiseanna maoinithe an-iomaíocha seo.

Tacaíocht BTS le hiarratasóirí

Trína ról mar NCP agus mar Thoscaire Náisiúnta don tSláinte, cuireann BTS treoir, saineolas agus ionchur straitéiseach ar fáil ar fud shaolré iomlán an mhaoinithe.

Áirítear leis sin tacú le hiarratasóirí chun struchtúr an chláir a thuiscint, topaicí na nglanna a léirmhíniú, tograí iomaíocha a fhorbairt, comhpháirtithe oiriúnacha a shainaithint agus cuibhreannais Eorpacha láidre chomhoibríocha a thógáil.

Ag an am céanna, déanann BTS ionadaíocht ar thosaíochtaí taighde na hÉireann ag Coiste Chlár Sláinte Fís Eorpach, áit a rannchuidíonn Ballstáit an AE le cláir oibre agus tosaíochtaí maoinithe a mhúnlú amach anseo – mar shampla, trí abhcóideacht a dhéanamh ar son glanna atá ailínithe le láidreachtaí na hÉireann i sláinte daonra, i mbonneagar trialacha cliniciúla agus i nuálaíocht sa chóras sláinte.



An Dr Irene Castellano, Pointe Teagmhála Náisiúnta um Shláinte agus Misean Ailse de chuid Fís Eorpach

Ó thús chreat maoinithe Fís Eorpach in 2021, ghlac taighdeoirí Éireannacha páirt i 132 tionscadal de chuid Fís Eorpach a bhaineann leis an tsláinte a dhíríonn ar raon leathan dúshlán sochaíocha agus eolaíocha.

Áirítear leo: ullmhacht do phaindéimí, galar ainsealach, trialacha cliniciúla agus idirghabhálacha sláinte, sláinte dhigiteach agus sláinte dhomhanda.

Tacaítear leis na tionscadail seo go príomha trí Bhraisle Sláinte Fís Eorpach agus comhpháirtíochtaí gaolmhara, atá mar chuid de Cholún II den chlár agus a dhíríonn ar thaighde comhoibríoch ar mhórsála a théann i ngleic le dúshlán dhomhanda.

I gClár Oibre 2025 amháin, leithdháileadh €843 milliún do ghlaonna ón mBraisle Sláinte, mar aon le €117 milliún breise do thionscnaimh faoi Mhisean Ailse an AE.

I gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha an AE do 2025–2027, tacaíonn na deiseanna maoinithe sin le taighde agus nuálaíocht a dhíríonn ar thionchair thimpeallachta ar shláinte, ar mheabhairshláinte, ar ullmhacht do phaindéimí, agus ar frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach (AMR), agus réitigh chúram sláinte atá cumasaithe ag hintleacht shaorga agus biteicneolaíochta á gcur chun cinn ag an am céanna.

Córais cúraim sláinte a neartú

Neartaíonn an clár córais chúraim sláinte agus iomaíochas tionsclaíoch freisin trí thacaíocht a thabhairt d'ardtheipí, do mhonarú feistí leighis, d'éifeachtúlacht rialála, agus do rochtain níos tapúla ar an margadh do chógais nuálacha, i gcomhréir leis an Margadh Glas, leis an gclaochlú digiteach ar shláinte agus ar chúraim, agus le beartas tionsclaíoch an AE.

Cuireann Misean Ailse an AE deiseanna breise ar fáil i dtaighde aistriúcháin, i staidéir chomhshaoil agus péidiatraiceacha ar ailse, i máinliacht nuálach agus i dtrialacha cliniciúla, in idirghabhálacha cáilíochta saoil, agus neartaítear comhordú náisiúnta trí Mhol Mhisean Ailse.

Tá sé mar aidhm leo sin go léir dlús a chur le cosc, diagnóis, cóireáil agus torthaí feabhsaithe d'othair ailse ar fud na hEorpa.

I ndiaidh an phróisis mheasúnaithe, táthar ag súil le torthaí ó na glaonna 2025 in 2026.

Trí thacaíocht atá dírithe ar iarratasóirí a chomhcheangal le hionadaíocht straitéiseach ar leibhéal an AE, cuidíonn an BTS lena chinntiú go bhfanfaidh taighde sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann infheicthe, iomaíoch agus cumhachtach laistigh de Fís Eorpach.

Cuspóir Straitéiseach 6

Barr feabhais eagraíochtúil

Mar phríomhghníomhaireacht le haghaidh taighde, fianaise agus sonraí a bhaineann le sláinte agus cúram shóisialta, is é cuspóir BTS mar eagraíocht ár ndícheall a dhéanamh chun bheith ar an eagraíocht is fearr ar gach bealach.

Déanfaimid BTS a fhorbairt a thuilleadh mar ionad oibre forásach, áit a dtacófar le daoine le bheith nuálach agus mothálach. Cothóimid ár gcultúr sármhaitheasa eagraíochta – cultúr atá bunaithe ar luachanna comhroinnte a mheallann an tallann is fearr, a ghlacann le hathruithe agus a chuireann réitigh nuálacha ar fáil. Tacóidh ár struchtúir rialachais le cinnteoireacht fheasach agus chuntasach a chur i gcrích, agus déanfaimid cumarsáid a bhfuil tionchar aici chun ár gcáil a neartú i measc ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Míreanna tábhachtacha a baineadh amach:

- Reáchtáladh sraith ceardlann do Cheannairí atá ag Teacht Chun Cinn (ELEVATE) in BTS mar chuid dár dtiomantas d'fhás agus d'fhorbairt foirne.
- Cinntíodh éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus thugamar faoi iniúchtaí inmheánacha ar phríomhréimsí riosca laistigh de BTS chun tagarmharcáil i gcomparáid le dea-chleachtais a dhéanamh.
- Seoladh cur chuige téamach ar chumarsáid a bhí dírithe ar Fhianaise le haghaidh Polasaí le linn 2025. Áiríodh leis sin seimineáir ghréasáin, podchraoltaí, blaganna, agus comhdháil náisiúnta, agus mar thoradh air sin mhéadaigh clúdach meán agus teagmháil na meán sóisialta, ó thaobh BTS de, ar an topaic.





- Rinneadh oiliúint leanúnach i gcibearshlándaíl do gach ball foirne, agus baineadh amach ráta rannpháirtíochta 95% agus ráta pasála 80% ar a laghad.
- Cuireadh tús le tionscadal chun córas bainistíochta airgeadais BTS a aistriú chuig an scamall.
- Baineadh amach 'leibhéal dearbhaithe substaintiúil', an leibhéal is airde is féidir arna sholáthar ag na hiniúcháirí, maidir leis an tuarascáil iniúcháireachta inmheánaí *Comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*.
- Rinneadh an fhoireann go léir a aistriú go Windows 11 mar chuid de thionscadal uasghrádaithe ar fud na heagraíochta.
- Baineadh amach gradam Airgid d'Infheisteoirí san Éagsúlacht ag leibhéal 'Ag Bailiú Nirt' ón Lárionad Éireannach um Éagsúlacht (ICFD).
- Tugadh isteach an tsraith darb ainm *An Podchraoladh Taighde Sláinte*, lena gclúdaítear topaicí ó thaighde ar shláinte na mban go dóigheanna le briseadh isteach ar shaolré polasaithe.
- Tugadh tacaíocht do phríomhfheidhmeanna rialachais, lena n-áirítear idirchaidreamh le comhairleoirí dlí; ag comhordú freagraí ar Cheisteanna Parlaiminte; ag cabhrú le coistí inmheánacha; agus ag déanamh dul chun cinn maidir le srutha oibre a bhaineann le timpeallacht, cúrsaí sóisialta agus rialachas.
- Méadaíodh láithreachtaí BTS ar LinkedIn go níos mó ná 12,600 leantóir, ar méadú 3,045 in 2025 é. Mheall 152 postáil san iomlán rannpháirtíocht láidir, rud a léiríonn lucht leanúna gníomhach agus rannpháirteach.
- Tacaíodh le Bord BTS a thuarascáil éifeachtúlachta a chomhlánú go rathúil. Tá an plean gníomhaíochta a bhí mar thoradh air á chur i bhfeidhm faoi láthair.
- Seachadadh seirbhís áiseanna agus cuireadh gníomhartha inbhuanaitheachta i bhfeidhm i gcomhréir le tomhais chaighdeánacha Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann.
- Eagraíodh Comhdháil Shealbhóirí Deontas BTS, rud lena tugadh le chéile ár bpáirtithe leasmhara ó chúlaí acadúla, gairmithe cúram sláinte, agus beartaí chun líonrú a dhéanamh agus ionchur a thabhairt maidir lenár straitéis don todhchaí.
- Glacadh le IS ar fud na heagraíochta i gcomhréir le treoirlínte na hearnála poiblí.
- Rinneadh bainistíocht ar an bpróiseas earcaíochta le haghaidh 14 duine nua a earcaíodh agus 7 a d'fhág an eagraíocht ar fud na heagraíochta in 2025. Áiríodh leis seo earcaíocht Phríomhfheidhmeannaigh agus Stiúrthóra nua.
- Réitíodh níos mó ná 2,439 fiosrúchán teicneolaíochta faisnéise ó bhaill foirne tríd ár gcóras ticéad ar líne.
- Leanadh le bainistíocht soláthair agus conarthaí a fhorbairt chun cabhrú lenár spriocanna gnó agus straitéiseacha a bhaint amach.
- Seoladh sraith grúpaí fócais le tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a gceanglaíonn ár bhfoireann leis an méid a dhéanaimid agus an gcaoi a ndéanaimid é. Úsáidfear iad sin chun monatóireacht a dhéanamh ar thuairimí foirne agus chun príomhréimsí le feabhsú a shainaithint.

Cás-Staidéar 11

Tionscnamh Fianaise le haghaidh Polasaí ag spreagadh timthriall leanúnach feabhsúcháin

Tharraing an tionscnamh cumarsáide Fianaise le haghaidh Polasaí (EfP) ar shaineolas náisiúnta agus domhanda chun treoir a sholáthar do thaighdeoirí agus do lucht ceaptha beartas maidir le caidrimh a chruthú a thacaíonn le húsáid sonraí agus fianaise i gcinnteoireacht.

.....

In 2025, chuir BTS dlús lena ghealltanas an ceangal idir taighde agus polasaí a neartú trína thionscnamh cumarsáide EfP.

Bhí an tionscnamh ina chomhlánú ar chlár maoinithe EfP BTS agus bhí blaganna, seimineáir ghréasáin, ábhar físe agus sraith podchraoltaí i gceist leis. Bailíodh an t-ábhar sin go léir ar leathanach gréasáin tiomnaithe agus cuireadh chun cinn é trí na meáin shóisialta.

I gcomhréir le téama Chomhdháil Náisiúnta BTS 2025, ba fhreagra é tionscnamh EfP ar an bhfadhb leanúnach atá ann nach dtugann taighde eolas do bheartas ar an mbealach is éifeachtaí nó is minice agus a d'fhéadfadh sé.

Podchraoladh

Ar fud 2025, sheachaid an tionscnamh clár ábhair éagsúil. Leis *An Podchraoladh Taighde Sláinte* – a mheall níos mó ná 4,500 radharc ar YouTube agus 300 éisteacht ar ardáin fuaime – pléadh raon leathan topaicí maidir le conas is féidir le fianaise cinntí sa saol réadúil a mhúnlú.

Téamaí sna heipeasóidí:

- *Tionchair a Imirt ar Pholasaí agus Iompraíochtaí Sláinte* ina raibh an tOllamh Pete Lunn (Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) agus an tOllamh Sara Burke (TCD).

- *Conas briseadh isteach ar an Saolré Polasaí chun Athruithe a Spreagadh*, leis an Dr Thomas Hemmelgarn (Saotharlann Pholasaí an AE, An Bhruiséil) agus an Dr Anna Visser (Roinn an Taoisigh), inar scrúdaíodh an chaoi ar féidir le taighdeoirí ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais an lucht ceaptha beartas.
- *Bearnaí i dTaighde Shláinte na mBan* inar leagadh béim ar bhearnaí domhanda i dtaighde ar riochtaí a bhaineann le mná, i gcomhar le comhúdar de thuarascáil ar an ábhar, an Dr Jane Murphy (BTS), an Dr Susan Smith (TCD) agus an Dr Linda Biesty (Ollscoil na Gaillimhe).
- *Measúnú ar Chumas na hÉireann Fianaise a Tháirgeadh agus Gníomhú Dá Réir go Tapa* inar fhiosrú Measúnú Mear ar Chóras Tacaíochta Fianaise (RESSA) i gcomhar le príomhthaighdeoir an Dr Barbara Whelan (Cochrane Ireland/Evidence Synthesis Ireland), an tOllamh John Lavis (Ollscoil McMaster, Ontario) agus an Dr Fergal Lynch (iar-Ard-Rúnaí, An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige).
- *Clár Speisialta ar an gComhdháil Náisiúnta* ar a ndearnadh taifeadadh ó stiúideo soghluaiste ina raibh agallaimh agus píosaí scannáin eisiacha ón ócáid, lena n-áirítear vox pops leis an lucht freastail.

Clé go deas: An Dr Claire O'Connell, láithreoir *An Podchraoladh Taighde Sláinte*; An Dr Jane Murphy, Oifigeach Taighde, BTS; An Dr Linda Biesty, Ollscoil na Gaillimhe; agus an Dr Susan Smith, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Seimineáir Ghréasáin

Mheall seimineáir ghréasáin EFP níos mó ná 550 amharc ar YouTube. Áiríodh orthu sin an tOllamh Kathryn Oliver (Scoil Sláinteachais agus Leighis Thrópaicigh Londain) ag plé an chur chuige i leith Réimsí Suime Taighde i leith bróicéireacht eolais laistigh de rialtas na Ríochta Aontaithe, áit ar oibrigh sí roimhe seo.

Tógadh an téama sin i seimineár gréasáin ina raibh an tOllamh Paul Cairney (Ollscoil Stirling) i láthair, a leag béim ar an éiginnteacht a bhaineann le coincheapú na bróicéireachta eolais.

Bhí dhá sheimineár gréasáin ann freisin ina raibh Oifigeach Taighde de chuid BTS, an Dr Deirdre Mongan, i láthair, a thug forbheathnú ar pháipéir bunaithe ar shonraí fadaimseartha faoin staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn.

Blaganna

Chomh maith le podchraoltaí agus seimineáir ghréasáin, tháirg muid sraith blaganna ina bhfuil léargais saineolaithe á ndriogadh ar thráchtairacht inrochtana. Bhain scríbhneoirí úsáid as ábhar seimineár gréasáin, plé podchraoltaí agus tuarascálacha foilsithe ó BTS chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le fianaise agus ar an gcaoi ar féidir í a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

Na leideanna is tábhachtaí

Chomh maith leis sin, thugamar cuireadh do thaighdeoirí atá maoinithe ag BTS a raibh tionchar rathúil acu ar bheartas a gcuid leideanna a roinnt ar YouTube, agus cuireadh béim orthu sin ar ár gcainéil meán sóisialta:

- Roinn an tOllamh Sara Burke (TCD) a taithí maidir le hathrú a thabhairt i gcrích i gcur i bhfeidhm réigiún nua sláinte trí chomhairliúchán áitiúil.
- Mhínigh a comhghleacaí, an tOllamh Mary McCarron, conas a d'úsáid sí sonraí fadaimseartha ar aosú daoine faoi mhíchumas intleachtúil chun tionchar a imirt ar an Straitéis Náisiúnta um Néaltrú.
- Mhínigh an Dr Declan Devane (Evidence Synthesis Ireland/Cochrane Ireland) an chaoi a raibh cúnamh ag an Rialtas ina fhreagairt ar phaindéim COVID-19 trí rannpháirtíocht rialta le lucht cinnteoireachta chun a riachtanais agus a n-amlínte ama a bhunú.
- Léirigh an tOllamh Jonathan Drennan (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath) an chaoi ar úsáid a fhoireann creataí taighde láidre chun tionchar a imirt ar pholasaí a bhaineann le soláthar foirne altraí.

Timthriall leanúnach d'fheabhsú

Nearthaigh an t-ábhar seo ar fad an teachtaireacht lárnach, is é sin, go gcuideoidh forbairt níos éifeachtaí d'éiceachóras fianaise le haghaidh polasaí ar leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta le fianaise níos fearr agus cinntí níos fearr a dhéanamh. Leanfaidh an tionscnamh de bheith ag cur leis an mbanc seo d'acmhainní inrochtana ar feadh 2026.

Cás-Staidéar 12

Comhionannas, Éagsúlacht, agus Cuimsiú ag BTS: Dul Chun Cinn ó Chré-Umha go hAirgead

Bhí BTS bródúil as gradam Cré-umha um Infheisteoirí san Éagsúlacht a fháil ón Lárionad Éireannach um Éagsúlacht (ICFD) in 2025.

.....

Leis an éacht seo, chuir ár roinn Acmhainní Daonna tús leis an bpróiseas chun an gradam Airgid a bhaint amach trí chomhairliúchán agus oiliúint foirne, agus léiríonn sé tiomantas BTS d'éagsúlacht agus cuimsiú a leabú ar fud ár n-eagraíochta.

Is é gradam Cré-umha um Infheisteoirí san Éagsúlacht an chéad chéim i gcreat creidiúnaithe a bhfuil trí chéim ann maidir le hInfheisteoirí san Éagsúlacht de chuid ICFD. Cuireann sé seo treochlár dea-chleachtais ar fáil a chuidíonn le heagraíochtaí prionsabail FREDIE – Cothroime, Meas, Comhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú, agus Rannpháirtíocht – a leabú i gcórais agus i gcultúr an ionaid oibre.

Cré-Umha a bhaint amach

Thug an gradam Cré-umha aitheantas don dul chun cinn a rinneadh cheana féin maidir lenár gcórais inmheánacha a neartú agus leag sé bunchloch láidir do chur chuige fadtéarmach i leith chultúr an ionaid oibre agus luachanna corparáideacha a fhorbairt sa réimse sin.

Chun sin a bhaint amach, d'oibrigh ár gcoiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) go dlúth leis an ICFD chun tuiscint BTS ar éagsúlacht san ionad oibre a fhorbairt le linn an dara leath de 2024.

Oiliúint ar cheannaireacht

Tugadh faoi oiliúint ar bhainistíocht chun eolas agus tuiscint a fhorbairt ar cheannaireacht chuimsithe, agus ag an am céanna feasacht á feabhsú ar an gcaoi is fearr tacaíocht agus páirt a thabhairt d'fhoireann.

Ina theannta sin, rinneamar athbhreithniú ar pholasaithe eagraíochtúla agus d'fhorbraíomar polasaí tiomnaithe éagsúlachta atá ailínithe le reachtaíocht reatha.

Léiríonn ár ngníomhaíocht EDI forálacha na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, a chuireann cosc ar idirdhealú ar fud naoi bhforas faoi chosaint: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine, agus ballraíocht den Phobal Taistealaithe.

Baineann na hAchtanna seo le gach céim den fhostaíocht, lena n-áirítear earcaíocht, oiliúint, ardú céime agus pá. Éilíonn siad ar fhostóirí a chinntiú go gcaitear go comhionann le gach duine, go soláthrófar cóiríocht réasúnta d'fhostaithe faoi mhíchumas, agus go gcoscfar idirdhealú díreach agus indíreach san ionad oibre.

Ag bailiú nirt

Mar thoradh ar an gradam Cré-umha a bhaint amach, bailíodh neart chun EDI a leabú a thuilleadh ar fud na heagraíochta agus muid ag bogadh trí chreat creidiúnaithe ICFD.



Baill de choiste EDI BTS (clé go deas): Mellisa Tierney, D'Arcy Donnelly, agus Ruth Bourke

Aithnítear leis an ngradam Cré-umha go bhfuil tús curtha againn le struchtúir bhunúsacha láidre chun EDI a chur chun cinn, rud a dhearbhaíonn go bhfuil polasaithe cuí curtha i bhfeidhm againn, gur chuireamar iad ina iúl don fhoireann, agus gur chinntíomar go bhfuil oiliúint ar éagsúlacht agus cuimsiú comhlánaithe ag comhpháirtithe sinsearacha.

Léiríonn creidiúnú Cré-umha cumas eagraíochtúil chun ár n-aistear cuimsithe a chur chun cinn, ag tacú le taithí na bhfostaithe agus ag leagan an dúshraith le haghaidh tomhas níos doimhne, tagarmharcáil agus feabhsú fadtéarmach.

Ag dul chinn cinn chun Airgid

Ag déanamh forbartha ar an mbunús sin, lean coiste EDI den obair ar fud 2025, d'fhonn creidiúnú Airgid a bhaint amach.

Léiríonn saothrú creidiúnaithe Airgid nach bhfuil BTS tiomanta do EDI i bprionsabal amháin, ach go bhfuil sé ag tomhas agus ag feabhsú ár gcultúir agus ár gcleachtas go gníomhach freisin.

Éilíonn creidiúnú Airgid scrúdú níos doimhne ar thaithí saoil na bhfostaithe agus measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus atá EDI á leabú i gcleachtas ar fud na heagraíochta.

Chun na críche sin, chuir an coiste EDI suirbhé i bhfeidhm ar gach fostaí agus iarradh ar an ICFD anailís a dhéanamh ar na torthaí.

Bhain sé seo le tagarmharcáil i gcoinne caighdeán náisiúnta agus earnálacha, déimeagrafaic éagsúlachta foirne a bhailiú, agus tuarascáil chuimsitheach a tháirgeadh ina raibh léargais agus moltaí.

Bhain cur i láthair na dtorthaí dár bhfoireann bainistíochta agus don choiste EDI leis an bpróiseas freisin.

Cuireadh an suirbhé timpeall i mí Mheán Fómhair ar feadh thréimhse 8 seachtaine agus baineadh an ráta freagartha éigeantach de 80% amach.

Reáchtáil an coiste EDI seisiún eolais don fhoireann le hionadaí ón ICFD, agus tugadh deiseanna breise chun rannpháirtíocht a dhéanamh trí sheisiúin taifeadta agus cruinnithe eolais maidine caife.

Ba é an obair seo an chéim phraiticiúil agus chomhairliúcháin dár n-aistear i dtreo creidiúnú Airgid a bhaint amach, a bronnadh i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Léiríonn an creidiúnú Airgid ár dtiomantas ar fud na heagraíochta maidir le feabhsú leanúnach. Bunaithe ar thorthaí ár gcomhairliúcháin agus aiseolais, cuirfidh an coiste EDI béim ar leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh in EDI in 2026.



Aguisíní



Aguisín A

Liosta foilseachán BTS in 2025

TUARASCÁLACHA BTS

Mongan D, Millar SR agus Galvin B (2025) *Drug use in Ireland 2023: Findings from the Healthy Ireland Survey*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: <https://www.drugsandalcohol.ie/43420/>

Hanrahan MT, Millar SR, Mongan D, Lyons S agus Galvin B (2025) *Prevalence of problematic opioid use in Ireland, 2020–2022*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: www.drugsandalcohol.ie/42700/

Riordan F, Gopalakrishnan A, Kelleher C agus Lyons S (2025) *Deaths among people who were homeless at time of death in Ireland, 2021*. BTS Sraith StatLink 22. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: www.drugsandalcohol.ie/42963/

Ní Luasa S, O'Neill D, O'Sullivan M agus Lyons S (2025) *2024 Alcohol treatment demand*. BTS Sraith StatLink 22. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: www.drugsandalcohol.ie/43408/

Lynch T, Tierney P agus Lyons S (2025) *2024 Drug Treatment Demand*. BTS Sraith StatLink 23. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: www.drugsandalcohol.ie/43052/

Daly A, Lovett H agus Lynn E (2025) *Annual Report on the Activities of Irish Psychiatric Units and Hospitals 2024*. BTS Sraith StatLink 26. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: www.drugsandalcohol.ie/43691/

Kelleher C, Riordan F agus Gopalakrishnan A (2025) *Drug Poisoning Deaths in Ireland in 2022: Sonraí ón Innéacs Náisiúnta Básanna a Bhaineann le Drugaí (NRDRI)*. BTS Sraith StatLink 28. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: www.drugsandalcohol.ie/44591/

Fanagan S, Caffrey N, Cassidy L, Beegan J agus Lynn E (2025) *Overview of people engaging with disability services, 2024*. BTS Sraith StatLink 24. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: www.hrb.ie/publication/overview-of-people-engaging-with-disability-services-bulletin-2024/

Irish Focal Point to the EUDA (2025) *Drugnet Ireland*. Eagrán 91, Earrach. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: <https://www.hrb.ie/publication/drugnet-91/>

Irish Focal Point to the EUDA (2025) *Drugnet Ireland*. Eagrán 92, Fómhar 2025. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: https://www.drugsandalcohol.ie/44408/1/Drugnet_Issue_92.pdf

Irish Focal Point to the EUDA (2025) *Drugnet Ireland*. Forlónadh le hEagrán 92, Fómhair 2025. Drug use prevalence in Ireland: Findings from recent population studies and estimates of problematic use. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: https://www.hrb.ie/wp-content/uploads/2025/10/HRB-Drugnet-92-Supplement_FINAL.pdf

ATHBHREITHNITHE AR FHIANAISE

- Murphy J, Farragher L, O'Brien N, et al. (2025) *Women's health treatment interventions and outcomes: An evidence and gap map review*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: <https://www.hrb.ie/publication/womens-health-treatment-interventions-and-outcomes-an-evidence-and-gap-map-review1/>
- Moloney T, Mucheru D, Lee C, McGrath N agus Long J (2025) *The effectiveness of public health interventions in reducing sunbed use and rates of skin cancer: An evidence review*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: <https://www.hrb.ie/publication/the-effectiveness-of-public-health-interventions-in-reducing-sunbed-use-and-rates-of-skin-cancer/>
- Teahan Á, Sharp M, Farragher A, Moloney T agus Long J (2025) *Effectiveness, safety, and cost-effectiveness of pharmacist prescribing: An evidence review*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: <https://www.hrb.ie/publication/effectiveness-safety-and-cost-effectiveness-of-pharmacist-prescribing/>
- Long J, Waldron C agus Farragher A, et al. (2025) *Effect of artificial community water fluoridation on dental health: An evidence review*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: <https://www.hrb.ie/publication/effect-of-artificial-community-water-fluoridation-on-dental-health-an-evidence-review/>
- Keane M, Murphy L, Farragher L, Moloney T agus Long J (2025) *Health-promoting interventions in prisons: An evidence review*. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. Ar fáil ó: <https://www.hrb.ie/publication/health-promoting-interventions-in-prisons/>

AILT IRISE PHIARMHEASÚNAITHE

- Mongan D, Killeen N, Millar SR, Matias J, Keenan E agus Galvin B (2025) Hexahydrocannabinol (HHC) use and harms in Ireland: New findings from the 2024 European Web Survey on Drugs. *Int J Drug Policy*, 145: 105011. Ar fáil ó: <https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S095539592500307X?via%3Dihub>
- Brennan MM, Mongan D, Doyle A, et al. (2025) Polysubstance use in early adulthood and associated factors in the Republic of Ireland: An analysis of a nationally representative cohort. *Addiction*, 121(1): 150–162. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.1111/add.70182>
- Mongan D, Millar SR, Carew AM, et al. (2025) Trends in cocaine use and cocaine-related harms in Ireland: a retrospective, multi-source database study. *BMC Public Health*, 25(1): 2285. Ar fáil ó: <https://link.springer.com/article/10.1186/s12889-025-23224-y>
- Mongan D, Millar SR, Brennan MM, Doyle A, Galvin B agus McCarthy N (2025) Longitudinal associations between childhood adversity and alcohol use behaviours in early adulthood: Examining the mediating roles of parental and peer relationships. *Child Abuse Negl*, 161: 107302. Ar fáil ó: <https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S0145213425000572>
- Brennan MM, Cavallaro M, Mongan D, et al. (2025) Factors associated with cocaine use at 17 and 20 years old: A longitudinal analysis of a nationally representative cohort. *J Adolesc Health*, 76(3): 488–498. Ar fáil ó: [https://www.jahonline.org/article/S1054-139X\(24\)00551-2/fulltext](https://www.jahonline.org/article/S1054-139X(24)00551-2/fulltext)
- Brennan MM, Mongan D, Doyle A, et al. (2025) Early and risky adolescent alcohol use independently predict alcohol, tobacco, cannabis and other drug use in early adulthood in Ireland: a longitudinal analysis of a nationally representative cohort. *BMC Public Health*, 25(1): 1129. Ar fáil ó: <https://link.springer.com/article/10.1186/s12889-025-22262-w>
- Mongan D, Millar SR, Brennan MM, Doyle A, Galvin B agus McCarthy N (2025) Associations and mediating factors between adverse childhood experiences and substance use behaviours in early adulthood: a population-based longitudinal study. *Addict Behav*, 161: 108194. Ar fáil ó: <https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/S0306460324002430?via%3Dihub>

- McGrath N, Waldron C, Farragher A, Walsh C agus Polisena J (2025) Safety, cost and environmental impact of reprocessing high risk single-use medical devices: a systematic review and meta-analysis. *GMS Hyg Infect Control*, 20: Doc25. Ar fáil ó: <https://journals.publisso.de/en/journals/hic/volume20/dgkh000554>
- Reynolds CME, Cox G, Lyons S, McAvoy H, O'Connor L agus Kavalidou K (2025) A qualitative analysis of people who died by suicide and had gambling documented in their coronial file. *Addict Behav*, 163: 108267. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.1016/j.addbeh.2025.108267>
- Lovett H, Casey C, Daly A, Lynn E, O'Driscoll DJ agus Clifford M (2025) Trends and description of inpatient admissions for eating disorders among children and adolescents in Ireland: 2018–2022. *J Eat Disord*, 13(1): 174. Ar fáil ó: <https://doi.org/10.1186/s40337-025-01372-1>
- Lovett H, Lynn E, Daly A, Corcoran C agus O'Connor K (2025) The clinical and demographic profile of inpatient psychosis admissions in Ireland. *Ir J Psychol Med*, 42(2): 133–142. Ar fáil ó: [10.1017/ipm.2024.69](https://doi.org/10.1017/ipm.2024.69)

Aguisín B

Liosta de dhámhachtainí BTS a bronnadh in 2025 ar Phríomh-imschrúdaitheoirí

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR					
Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an phríomhthaighdeora	Ainm an phríomhthaighdeora	An méid iomlán arna dhámhachtain (€)
An Exploration of Emergency Gynaecological Care in Ireland	Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Naomi Burke	75,930
Characterisation of platelet production methodologies and functionality to expand platelet transfusion therapy in Ireland	Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Ingmar Schoen	197,307
Co-production of an adapted Physical Activity Referral Scheme to enhance community participation by young people with physical disability (CO-PARTake)	Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Ailish Malone	197,584
Designing an integrated Women's Mental Health service: Enhancing Quality And inTEgration of women's mental healthcare	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Anne Doherty	200,000
Development of a theory-informed implementation intervention to facilitate adoption and uptake of the National Physical Activity Pathways in Healthcare: the iPAPH Study	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Gráinne O'Donoghue	199,501
Enabling General Practitioners to develop an extended role in adult ADHD diagnosis and management in primary care	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Emma Wallace	198,915

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR

Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an phríomhthighdeora	Ainm an phríomhthighdeora	An méid iomlán arna dhámhachtain (€)
Exploring experiences and co-producing supports to promote mental wellbeing and improve access to mental health services for children with physical disabilities in Ireland	Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Jennifer Ryan	200,000
Improving outcomes for children in care	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	David Hevey	199,724
Improving the mental health and wellbeing of priority population groups: An evaluation of the Act Belong Commit mental health promotion Initiative in Irish community settings	Ollscoil na Gaillimhe	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Margaret Barry	199,728
Integrating smoking cessation interventions into mental health services: National survey, guideline development and pilot service evaluation	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Brian O'Donoghue	198,999
Managed Clinical Rehabilitation Network (MCRN): Routinely Collected Data, Core Outcomes, and Cost-Effectiveness of Neuro-Rehabilitation in Ireland	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Dominic Trépel	200,000
COMPHÁIRTÍ: Optimising Public and Patient Involvement in Regulation of Pharmacy and Healthcare Professions	Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Michelle Flood	199,934
Person- and Place-Centred Integrated Long-Term Care in Peripheral Contexts – Context-Care: Investigating the impact of dissonance, digitalisation and local practices in care solutions	Ollscoil na Gaillimhe	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An tOllamh	Kieran Walsh	200,122

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR					
Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an phríomhthaigh-deora	Ainm an phríomhthaighdeora	An méid iomlán arna dhámhachtain (€)
Project ACCESS (Advancing Care through Single-Session Therapy): Examining the Implementation of Timely Youth Mental Health Interventions in Jigsaw Ireland	Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Amanda Fitzgerald	199,326
Shifting the paradigm-empowering paramedic educators to better support practitioner mental health, through an evidence-based, scaffolded teaching faculty curriculum	Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Michelle O'Toole	199,734
SMILE MS: Supporting Mental Health by Improving the Lives and Emotional Wellbeing of People with Multiple Sclerosis	Ollscoil Mhá Nuad	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Rebecca Maguire	195,436
Understanding and Addressing Mental Health, Loneliness and Quality of Life in Older People Living with HIV in Ireland: A Pathway to Social Prescribing	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Louise Brennan	195,311
Working with key stakeholders to co-design strategies to support participation of young adults with Type 1 and Type 2 diabetes in Diabetic Retina Screening	Ollscoil na Gaillimhe	Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí	An Dr	Jenny McSharry	199,464
CO-ACT – Co-Designing Adaptive Care Transformations for Ageing Communities	Ollscoil na Gaillimhe	An Chomhpháirtíocht Eorpach maidir le Córais Sláinte agus Cúraim a Chlaohlú	An tOllamh	Molly Byrne	426,989
Smart Technology for Remote Intervention in Diabetic foot ulcer prevention in COMMUNITY settings (STRIDE-COM)	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	An Chomhpháirtíocht Eorpach maidir le Córais Sláinte agus Cúraim a Chlaohlú	An tOllamh	Patricia Kearney	421,370
Development of Medical Workforce Management Framework for Staffing and Skills Mix Assessment for Resilient Teams in Ireland (Med-SMART): a mixed-methods design	Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ	Fianaise le haghaidh Polasaí	An Dr	Siobhan McCarthy	292,085

TIONSCADAIL AGUS CLÁIR					
Teideal	Óst-institiúid	Scéim	Teideal an phríomhthaigh-deora	Ainm an phríomhthaighdeora	An méid iomlán arna dhámhachtain (€)
Informing National Policy for physical activity based secondary prevention of stroke in IREland (INsPIRE)	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Fianaise le haghaidh Polasaí	An tOllamh	Susan Smith	299,552
The Attune Project: Enhancing responsiveness of Ireland's home support services through the lived experience of older adults	Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ	Fianaise le haghaidh Polasaí	An Dr	Elizabeth Morrow	300,000
Digital markers of Social Cognition for diagnosis & prognosis in Neurodegeneration (DISCeRN)	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhchlár Eorpach – Taighde maidir le Galair Néaraimheathlúcháin	An tOllamh	Agustín Ibáñez	430,000
Empowering Needs-based Social Health and inclusive care for Rare Dementias in moderate to advanced stages (ENSURED)	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Comhchlár Eorpach – Taighde maidir le Galair Néaraimheathlúcháin	An Dr	Louise Hopper	400,036
Quality of life correlates of bulbar and pseudobulbar dysfunction in late stage MND: clinical determinants, screening tools, opportunities for evidence-based QoL-focused interventions (QualBulMND)	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Comhchlár Eorpach – Taighde maidir le Galair Néaraimheathlúcháin	An tOllamh	Peter Bede	530,000
Translational Pain Discovery: Bridging Mice, Rat, and Human Studies (GENUS)	Ollscoil na Gaillimhe	ERA-NET NEURON – Líonra Cistiúcháin Eorpaigh le haghaidh Taighde Néareolaíochta	An Dr	Michelle Roche	430,000
Understanding how stress and negative affect exacerbate chronic neuropathic pain: Unlocking new therapeutic avenues (STRESSPAIN)	Ollscoil na Gaillimhe	ERA-NET NEURON – Líonra Cistiúcháin Eorpaigh le haghaidh Taighde Néareolaíochta	An tOllamh	David Finn	530,000
Assessing Status and Trends in Diabetes Care in Ireland and the Early Impact of Health Care Reform	Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte CRMÉ	Tionscadail maidir le hAnailísiú Sonraí Tánaisteacha	An tOllamh	Edward Gregg	328,750
